# Tuarascáil Bhliantúil

2018/2019



# **Léargas:** 2018-2019

**Líon na múinteoirí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta**

**102,756**

Rinne **89%** a gclárúchán a athnuachan ar líne

Líon uaireanta ar úsáideadh **'Cuardaigh an Clár'**

**153,415**

**Ghlac 2774 múinteoir páirt i *Droichead***

**39,966** Grinnfhiosrúchán ar mhúinteoirí tríd an gcóras ríomh-ghrinnfhiosraithe

www.teachingcouncil.ie

**400,000+ CUAIRTEOIR**

**35** Ríomhirisí

**6** Seimineár Gréasáin Taighde

**39 Gearán** déanta leis an gComhairle Mhúinteoireachta maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh

# Tuarascáil an Chathaoirligh



**Noelle Moran**
*Cathaoirleacht na Comhairle Múinteoireachta*

## *Tá ról ríthábhachtach ag an gComhairle Mhúinteoireachta tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí le caighdeáin arda a choinneáil sa ghairm, faoi láthair agus amach anseo.*

Tá ríméad orm Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle Múinteoireachta 2018/2019 a chur i láthair. Ba bhliain ghnóthach eile a bhí sa bhliain tuairiscithe don Chomhairle Mhúinteoireachta. Tá an t-ádh orainn in Éirinn seirbhís chomh maith a bheith á fáil againn ó ghairm na múinteoireachta anuas trínár stair. Bhí agus tá comhchion agus cion leanúnach múinteoirí mar bhonn taca le dul chun cinn na hÉireann agus is amhlaidh a bheidh i gcónaí.

Bhí 102,756 múinteoir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireacht an 27 Márta 2019, ardú 4,282 ar leibhéal na bliana 2018. Tá fáilte mhór roimh an ardú seo i bhfianaise na saincheisteanna a bhaineann leis an soláthar múinteoirí atá i ndán don tír.

Cuirtear tús le freagrachtaí na Comhairle i leith an mhúinteora an lá a gcuireann an múinteoir tús lena chuid/lena cuid oideachais i dtús báire, agus leanfar ar aghaidh leis sin ar feadh a ngairm mhúinteoireachta. Áirítear anseo, athbhreithniú agus creidiúnú na gclár Oideachais Tosaigh Múinteoirí. D'iarr an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh ar fheidhmiú treoirlínte socrúchán scoile freisin.

Bunaíodh Grúpa Oibre Socrúchán Scoile (GOSS) chun na críche seo agus cuirfidh an Grúpa Oibre moltaí faoi bhráid Ghrúpa Cur Chun Feidhme maidir le Soláthar Múinteoir na Roinne Oideachais agus Scileanna agus cuirfear eolas ar fáil don athbhreithniú ar Oideachas Tosaigh Múinteora atá ar na bacáin: Critéar agus Treoirlínte do Sholáthróirí Cláir.

Do mhúinteoirí nuacháilithe, cuireadh an dara bliain de chéim fáis *Droichead*, creat ionduchtúcháin comhtháite na Comhairle, i bhfeidhm i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna sa bhliain acadúil 2018/2019.

Tugadh isteach an bhliain seo caite freisin tacaíochtaí nua ar líne d'iarratasóir chun clárú ó thar lear. Áirítear orthu seo, ríomhleabhar/beochana ina dtugtar breac-chuntas ar an bpróiseas d'iarratasóirí atá thar lear; tá sraith Ceisteanna a Chuirtear go Minic le fáil ar an láithreán gréasáin le hiarratasóirí a threorú; agus cuid shonrach den láithreán gréasáin forbartha do mhúinteoirí 'a Cháiligh lasmuigh d'Éirinn'.

Lean an Chomhairle, le linn na bliana tuairiscithe, lena rannpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir leis na rialacháin faoi Alt 37 d'Achtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta a thabhairt isteach. Cuirfidh na rialacháin seo oibleagáid ar fhostóirí fógra a thabhairt don Chomhairle Mhúinteoireachta nuair a bhristear múinteoir as a phost/as a post nó má éiríonn múinteoir as i ndiaidh gearán nó próiseas araíonachta ag leibhéal scoile. Tá ról tábhachtach ag rialacháin Alt 37 maidir le cosaint leanaí agus nuair a thiocfaidh na rialacháin i bhfeidhm cuideoidh siad go mór le cumas na Comhairle na caighdeáin is airde múinteoireachta a chur chun cinn.

Lean an Chomhairle, le linn thréimhse 2018/2019, a chur ina luí ar an Aire agus ar an Roinn Oideachais agus Scileanna an géarghá atá le hAlt 28 den Acht Oideachais. Cinnteoidh sé seo go mbeidh creat reachtúil agus nósanna imeachta ag na gearáin a d'fhéadfaí a réiteach ag an leibhéal áitiúil ina ndéanfaí iad a phróiseáil seachas a leithéid de ghearáin a bheith ag teacht go díreach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghlacadh as díograis chomhaltaí na Comhairle a thug a gcuid ama go deonach ag obair don ghairm mhúinteoireachta. Ciallaíonn sé a bheith mar chomhalta den Chomhairle tiomantas a thógann suas go leor ama agus atá thar a bheith deacair agus is mian liom aitheantas a thabhairt d'am agus do chion na gcomhaltaí. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le Tomás Ó Ruairc, Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta, Brendan O'Dea, Leas-Stiúrthóir agus leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann as an obair chrua atá déanta acu agus as an tacaíocht leanúnach atá á thabhairt acu don Chomhairle. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le comhaltaí na Comhairle agus foireann na Comhairle as an tacaíocht a thugann siad domsa mar chathaoirleach.

Agus muid ag déanamh machnaimh ar dhul chun cinn agus éachtaí na bliana seo, aithníonn an Chomhairle Mhúinteoireachta an ról fíorthábhachtach a bhíonn ag múinteoirí sa tsochaí, agus tá an Chomhairle tiomanta do leanúint ar aghaidh ag tacú lenár múinteoirí ina gcuid oibre.

**Noelle Moran**
*Cathaoirleach*

# Tuarascáil an Stiúrthóra



**Tomás Ó Ruairc**
*Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta*

*Le linn na bliana 2018/2019, tháinig fás agus forbairt ar ghníomhaíochtaí na Comhairle Múinteoireachta i ngach gné dá cuid freagrachtaí. San áireamh anseo bhí oideachas tosaigh múinteoirí agus ionduchtú, foghlaim múinteoirí, clárú agus caighdeáin ghairmiúla. D'éirigh linn ár gcaidrimh oibre leis an rialtas agus le páirtithe leasmhara a fhorbairt chomh maith.*

Bhí gníomhaíocht bhreise le brath ar fud scóip iomlán réimsí freagrachta na Comhairle Múinteoireachta le linn na bliana tuairiscithe (2018/19). Áirítear anseo, rannpháirtíocht leis an ngairm maidir le hoideachas tosaigh múinteoirí agus ionduchtú, foghlaim múinteoirí, clárú agus caighdeáin ghairmiúla. Leanadh go réamhghníomhach freisin leis an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara le linn na bliana atá faoi athbhreithniú.

Dírítear ár gcuid oibre go léir ar thacú agus ar chur le caighdeáin na múinteoireachta. Is caighdeáin iad seo a bhfuil cothabháil láidir déanta ag múinteoirí in Éirinn orthu le blianta fada agus tá sé mar ról againn an cháil maidir leis an mbarr feabhais sin atá saothraithe go maith ag an ngairm a chosaint.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar bhaint amach na spriocanna atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach 2018 – 2020. Áirítear ar na spriocanna seo, cruthú leanúnach de réir a chéile Oideachas Múinteoirí; samhail agus próiseas comhaontaithe lena chinntiú go mbeidh soláthar múinteoirí ag teacht le héileamh ar mhúinteoirí; seachadadh creataí foghlama gairmiúla a éascaíonn cultúr foghlama comhroinnte; agus a chinntiú go bhfuil an cur i bhfeidhm maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh láidir, cothrom agus trédhearcach do mhúinteoirí agus don phobal i gcoitinne.

Cuireadh tús sa bhliain 2018 freisin le tionscadal a bhí ag teastáil go géar le cur in áit an chórais cláraithe reatha a bhí á úsáid ag an gComhairle. Cuimseoidh an córas nua, tairseach féinseirbhíse, atá inrochtana do gach cineál gairis, lena n-áirítear, fón cliste agus táibléid. Is í an sprioc deiridh feabhas a chur ar áisiúlacht agus ar sheachadadh seirbhíse d'iarratasóirí agus do mhúinteoirí, agus tá súil agam go rachaidh an bunachar sonraí nua amach beo sa dara leath de 2020.

Beidh tionchar forleathan ag an mBreatimeacht ar ghairm na múinteoireachta ar oileán na hÉireann, ní hamháin do mhúinteoirí atá ag obair agus ag maireachtáil ar bhonn trasteorann. D'fhéadfadh tionchair eile a bheith ann freisin, áfach, agus i dtéarmaí ullmhúcháin táimid i mbun rannpháirtíochta le rialtóirí múinteoireachta sa Ríocht Aontaithe maidir leis an bhféidearthacht ó thaobh Breatimeacht gan ord gan eagar agus ag na himpleachtaí a bheadh aige seo ar chomhroinnt sonraí i gcomhthéacs na faisnéise ó thaobh feidhmiúlacht chun múineadh nuair nach mbíonn an Ríocht Aontaithe mar Bhallstát den AE níos mó.

Bhí athrú ar an bPróiseas um Dhearbhú Cáilíochta *Droichead* le linn na bliana atá faoi athbhreithniú agus tá scoileanna á roghnú go randamach do chuairteanna den chéad uair riamh. Bhí na scoileanna go léir a roghnaíodh thar a bheith toilteanach comhoibriú leis an athbhreithniú seo agus léirigh na torthaí gairmiúlacht ar ardleibhéal maidir le Próiseas um Dhearbhú Cáilíochta *Droichead*.

Tá foghlaim múinteoirí ríthábhachtach agus mar phróiseas feabhsaithe gairme a théann chun leasa do ghairm na múinteoireachta ar an iomlán. Thacaigh próiseas Cosán leis seo, tráth ar reáchtáladh líon laethanta comhroinnte foghlama agus leanfaimid orainn de bhreis forbartha a dhéanamh air seo sna blianta atá romhainn. Dhírigh na himeachtaí seo ar raon ábhar, lena n-áirítear, rannpháirtíocht san fhoghlaim ghairmiúil, foghlaim agus machnamh punann bhunaithe; ceannaireacht d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil; agus folláine.

Táimid dírithe ar bhuntáistí na teicneolaíochta a chur ar fáil chun tuilleadh feabhais a chur ar an rannpháirtíocht leis an ngairm. Cuireann Seimineáir Gréasáin deis foghlama gairmiúil atá luachmhar ar fáil agus táim sásta a thuairisciú go ndearna an Chomhairle Mhúinteoireachta óstáil ar 10 seisiún le linn na bliana tuairiscithe mar chuid den tsraith taighde (Comhoibriú agus Taighde um Nuálaíocht Leanúnach). Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Chomhairle le hIonaid Tacaíochta Oideachas Éireann, le struchtúr do chomhchlár maidir le foghlaim ghairmiúil a chomhaontú.

Sa réimse taighde, bronnadh maoiniú ar 8 dtionscadal lena raibh baint ag 54 thaighdeoir faoi Chreat Tacaíochta Taighde John Coolahan. Is ionann é seo agus tionscnamh den scoth a bhfuil sé i gceist leis tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí glacadh le cur chuige nuálach atá bunaithe ar fhianaise ó thaobh a gcleachtas gairmiúil.

Cuireadh sraith ríomhirisí rialta ar fáil freisin mar chuid de Thaighde CROÍ na Comhairle le linn na bliana tuairiscithe. Clúdaíodh iontu seo ábhair éagsúla ar nós, Ionchuimsiú an Uile Dhuine, Rannpháirtíocht Mac Léinn, Múinteoireacht Mhachnamhach agus Foghlaim agus Dhátheangachas Óige.

Ba mhór an onóir dúinn go raibh an tUachtarán Michael D Higgins agus a bhean, Sabina Higgins inár gcomhluadar ag FÉILTE in éineacht le go leor aoichainteoirí eile agus muid ag déanamh ceiliúradh bliantúil ar na sár-éachtaí bhí bainte amach ag múinteoirí na hÉireann, bhí an t-imeacht ar siúl i nDeireadh Fómhair 2018 i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach. Is í seo an chéad uair a reáchtáladh imeacht FÉILTE lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus an chéad uair freisin a raibh an t-imeacht ar siúl ar feadh dhá lá. Faoin téama 'Foghlaim ar Feadh an tSaoil: Difríocht a Dhéanamh", bhí go leor taispeántas agus ceardlann faoi stiúir múinteoirí ar siúl a léirigh an nuálaíocht iontach atá ag tarlú sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim i scoileanna ar fud na hÉireann. D'éirigh thar barr leis an imeacht agus d'fhreastail os cionn 700 múinteoir agus daoine den phobal agus ghlac níos mó ná 1,800 duine eile páirt ar líne.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach, Noelle Moran, as a tacaíocht, agus le gach comhalta de chuid na Comhairle as a ndíograis agus a rannpháirtíocht. Glacaim buíochas ó chroí freisin le mo chomhghleacaithe as an obair chrua atá déanta acu agus a ndúthracht le linn tréimhse inar bhaineamar dul chun cinn suntasach amach ó thaobh tacú le múinteoireacht agus le foghlaim ar ardchaighdeán.



**Tomás Ó Ruairc**
*Stiúrthóir*



# Clár:


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Eolas maidir leis gComhairle Mhúinteoireachta | 8 |
| **2.** | Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach | 9 |
| **3.** | An Clár Múinteoirí | 12 |
| **4.** | Feabhas a chur ar chaighdeáin a bhaineann le hiompar agus cleachtadh gairmiúil | 15 |
| **5.** | Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus Ionduchtú | 20 |
| **6.** | Foghlaim agus Taighde Múinteoirí | 24 |
| **7.** | An mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn | 27 |
| **8.** | Eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach a fhorbairt agus a chothabháil | 31 |


## Aguisíní


| | | |
|---|---|---|
| **Aguisín 1** | Ráitis Airgeadais | 34 |
| **Aguisín 2** | Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta | 53 |
| **Aguisín 3** | Coistí agus painéil | 54 |
| **Aguisín 4** | Costais chomhaltaí na Comhairle 2018 | 60 |

# 1 Eolas maidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i mí an Mhárta 2006. Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht um chaighdeáin ghairmiúla do ghairm na múinteoireachta, a dhéanann caighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn agus a rialáil.

Feidhmíonn an Chomhairle ar mhaithe le leas an phobail agus ag an am céanna tacaíonn sí le caighdeáin na múinteoireachta agus cuireann sí leo.

## Comhaltas na Comhairle Múinteoireachta

Tá 37 comhalta ar an gComhairle agus tá 16 chomhalta díobh seo ina múinteoirí cláraithe a thoghann na múinteoirí.

Cuimsíonn an Comhaltas:


- 11 mhúinteoir bunscoile, naonúr acu atá tofa agus beirt acu atá ainmnithe ag ceardchumainn múinteoirí
- 11 mhúinteoir iarbhunscoile, seachtar acu atá tofa agus ceathrar acu atá ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí
- beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal bunscoile agus beirt ag leibhéal iarbhunscoile)
- beirt atá ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal bunscoile agus duine amháin ag leibhéal iarbhunscoile) agus
- cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear duine amháin a dhéanann ionadaíocht ar Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus duine amháin a dhéanann ionadaíocht ar Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU).

Sa bhliain 2015 comhaontaíodh leis an Aire Oideachais agus Scileanna gur chóir go líonfaí 37 bpost ar an gComhairle ar bhonn céimnithe. Cuireadh an cur chuige seo i bhfeidhm chun cuidiú le hathrú eagraithe chomhaltaí na Comhairle agus le cothabháil a dhéanamh ar chomhaltaí a bhfuil taithí acu a bheith ar an gComhairle i gcónaí. An 3 Aibreán 2018, tháinig deireadh le téarmaí oifige comhaltaí ainmnithe faoi fho-ailt 8 (a), (b), (c), (d), (e) agus (f) d'Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta. Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna comhaltaí, a bhí ainmnithe ag a gcomhlachtaí ainmnithe faoi seach ina n-áit, ar feadh téarma ceithre bliana.

Is féidir tuilleadh mionsonraí maidir le comhaltas na Comhairle Múinteoireachta a fháil in Aguisín 2.

## An fhoireann ardbhainistíochta

Fuair an Chomhairle Mhúinteoireachta tacaíocht lena cuid oibre le linn na bliana ó fhoireann feidhmiúcháin de 44, faoi stiúir foirne ardbhainistíochta.



# 2 Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach

## Plean Straitéiseach 2018 -2020

Rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta dul chun cinn suntasach le linn na bliana tuairiscithe ar fhorbairt spriocanna Phlean Straitéiseach 2018 – 2020.

## Is iad na seacht sprioc straitéiseacha do 2018-2020:

### 1

**Comhdhlúthú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i leith leanúntas de réir a chéile Oideachas Múinteoirí agus é sin a chur in iúl**

- Tar éis próiseas tairisceana iomaíoch cheap an Chomhairle Institiúid Oideachais Marino agus Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath le taighde a dhéanamh ar thaithí múinteoirí ar *Droichead*. Síníodh conarthaí agus cuireadh tús le taighde i ndeireadh na bliana 2018.
- Rinne an Chomhairle óstáil ar líon imeachtaí Cosán, lena n-áirítear, Laethanta Foghlama Comhroinnte i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna 2018, sraith de 13 ceardlann in Ionaid Oideachais agus imeacht do pháirtithe leasmhara i mí na Nollag 2018.
- Lorgaíodh iarratais don dara babhta de Chreat Tacaíochta Taighde John Coolahan i mí an Mhárta 2018. Fuarthas thart ar 58 n-iarratas agus ceapadh painéal athbhreithnithe lena mbreithniú. Bhí imeacht bronnta ar siúl i mí na Nollag 2018, tráth ar bronnadh maoiniú ar 18 dtionscadal lena raibh baint ag 54 taighdeoir.

### 2

**Oibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le páirtithe leasmhara le samhail agus próiseas a chomhaontú lena chinntiú go mbeidh soláthar múinteoirí ag teacht leis an éileamh ar mhúinteoirí**

- Tá ionadaíocht a dhéanamh ar an gComhairle ar an nGrúpa Stiúrtha um Sholáthar Múinteoirí, ar an nGrúpa Forfheidhmithe agus ar thrí cinn de na ceithre ghrúpa oibre atá bunaithe, eadhon, na Grúpaí Oibre Sonraí, Ardoideachais agus Cumarsáide.
- Thug an Grúpa Oibre Cumarsáide, atá faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra, faoi phróiseas comhairliúcháin leis na príomhpháirtithe leasmhara maidir le plean gníomhaíochta soláthar múinteoirí.

### 3

**Tacú le múinteoirí chun feabhas a chur ar a gcleachtas gairmiúil trí chreataí foghlama gairmiúla a dhéanann éascú ar chultúr comhfhoghlama**

- Rinneadh athbhreithniú ar phróisis feidhme agus comhlánaithe *Droichead* agus tugadh cothrom le dáta iad chun tacú le níos mó rannpháirtíochta agus le soiléireacht bhreise a chur ar fáil dóibh siúd go léir atá i gceist.
- Bhí an Chomhairle rannpháirteach go gníomhach sa Chlár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM) agus iad i mbun oibre chun tacú le foghlaim ghairmiúil múinteoirí atá ag tabhairt faoi phróiseas *Droichead* agus oiliúint Foirne Tacaíochta Gairmiúla laistigh de scoileanna.

## 4 Leanúint ar aghaidh le hiontráil sa ghairm a chosaint trí na hardchaighdeáin don oideachas tosaigh múinteoirí, chomh maith le próiseas athbhreithnithe agus cláraithe

- Tá Riachtanais d'Ábhar Curaclaim ag leibhéal Iarbhunscoile na Comhairle faoi réir ag athbhreithniú i láthair na huaire agus é mar aidhm caighdeáin a chothabháil agus a chosaint agus cur le solúbthacht sa chóras ag an am céanna. Táthar ag súil go mbeidh sraith critéir sruthlínithe mar thoradh ar an athbhreithniú seo a chuirfidh cur chuige níos cuimsithí ar fáil i leith raon leathan scileanna a thugann céimithe ó Éirinn agus ó thar lear chun na timpeallachta foghlama nua-aimseartha, agus cothabháil á dhéanamh ar chaighdeáin ag an am céanna. Agus é seo á scríobh, bhí an próiseas comhairliúcháin agus athdhréachtaithe tugtha chun críche agus breithneoidh an Chomhairle an critéar leasaithe i Ráithe 3 de 2019.
- Chuir an Chomhairle tús le próiseas athghrinnfhiosrúcháin ar mhúinteoirí a raibh seanpháipéir maidir le nochtadh grinnfhiosrúcháin acu. Tugadh isteach éifeachtúlacht breise le próiseas níos sruthlínithe agus níos tapa a chinntiú do mhúinteoirí cláraithe agus d'iarratasóirí ar chlárúchán araon.
- Thug an Chomhairle an cárta athnuachana agus an córas admhála cothrom le dáta i mí na Samhna trí aistriú ó chóras páipéar go dtí córas ar líne a chuirfidh rochtain éasca chuig a gcuid doiciméad ar fáil do mhúinteoirí i gcónaí.

## 5 A chinntiú go bhfuil an cur i bhfeidhm maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh láidir, cothrom agus trédhearcach do mhúinteoirí agus don phobal i gcoitinne

- Rinneadh próiseáil ar na gearáin go léir a fuarthas maidir le múinteoirí cláraithe ag teacht le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe na Comhairle agus, agus sa chás gur chuí le Rialacha agus Nós Imeachta an Choiste Araíonachta atá leagtha síos in Ionstraim Reachtúil. Maidir leis sin, lean rannóg na gCaighdeán Gairmiúil le hathbhreithniú agus beachtú a dhéanamh ar phróisis an Choiste Imscrúdaithe agus an Choiste Araíonachta le linn na bliana tuairiscithe.
- Cheadaigh an Ard-Chúirt nósanna imeachta gearáin agus fiosrúcháin na Comhairle mar nósanna imeachta atá cothrom agus láidir sa dá Bhreithiúnas a fuarthas le linn na bliana tuairiscithe.
- Lean an Chomhairle lena rannpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus luath-fheidhmiú nósanna imeachta á lorg acu faoi Alt 28 den Acht Oideachais 1998, chun foráil a dhéanamh do nós imeachta reachtúil maidir le casaoid do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí ag leibhéal scoile.
- Leanadh le rannpháirtíocht leis an Roinn freisin maidir le ceadú an Aire do rialacháin, de bhun Alt 37 den Acht. Cuirfidh rialacháin den sórt sin oibleagáid reachtúil ar fhostóirí an Chomhairle a chur ar an eolas má bhristear múinteoir cláraithe as a bpost nó má éiríonn múinteoir as mar gheall ar ábhar a bhaineann le gníomh araíonachta.
- I mí na Nollag 2018, cheadaigh an Chomhairle Dréacht-Treoirlínte maidir leis na Meáin Shóisialta do mhúinteoirí chun críocha comhairliúcháin. Ag deireadh na tréimhse tuairiscithe seo, bhí rannóg na gCaighdeán Gairmiúil ag tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin le haiseolas a lorg ó phríomhpháirtithe leasmhara maidir leis na dréacht-treoirlínte.

## 6

### Gairm na múinteoireachta a chur chun cinn, lena n-áirítear folláine, agus cur le feasacht ar obair na Comhairle trí chumarsáid nuálach agus inrochtana.

- Bhí FÉILTE 2018 ar siúl an 5 agus 6 Deireadh Fómhair i gColáiste Mhuire Gan Smál agus d'fhreastail os cionn 730 duine ar an imeacht agus féachadh ar an imeacht 1806 uair trí bheoshruthú.
- Áiríodh ar fhreastail ag thart ar 21 imeacht, Aonach Múinteoireachta, Laethanta Oscailte, Aonach d'Iarchéimithe agus Aontaí Earcaíochta/Gairme agus ar dhíriú ar lucht féachana a bhí éagsúil.
- Eisíodh 35 ríomhiris, lena n-áirítear, 3 fhíseán ríomhirise agus rinneadh óstáil ar naoi gcinn de sheimineáir gréasáin.
- Tháinig ardú os cionn 1,800 go dtí 24,500 ar an iomlán ar an lucht leanúna ar Twitter.
- Méadú breis is 1,200 ar Leantóirí Facebook, go 6,200.

## 7

### A chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ag an gComhairle Mhúinteoireachta, lena n-áirítear ó fhoinsí eile chun tacú le bealaí éifeachtacha le hobair a dhéanamh, rialachas corparáideach a chomhlíonadh agus le polasaithe éifeachtúla a fhorbairt

- Tá infheistíocht déanta ag an gComhairle i seirbhísí comhairleacha chun a chinntiú go bhfaightear na torthaí is fearr is féidir ó chistí laistigh de pharaiméadair bheartais infheistíochta íseal-riosca na Comhairle.
- Tá an príomhinfreastruchtúr TFC athlonnaithe chuig ionad sonraí seachtrach agus tá na saoráidí i Má Nuad á n-úsáid chun críocha cúltaca.
- Chuir an Chomhairle tairiscint amach arís d'fheidhm seirbhísí bainistithe a chlúdaíonn seirbhísí riaracháin líne tosaigh.
- Tugadh isteach feidhmiúlacht bhreise TF chun sruthlíniú a dhéanamh air agus tacaíocht a thabhairt do phróisis chláraithe, athnuachana agus ghrinnfhiosrúcháin.



# 3 An Clár Múinteoirí

**Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as comhaltaí ghairm na múinteoireachta a chlárú. Is éard atá i gceist leis sin, Clár Múinteoirí a bhunú agus a chothabháil; caighdeáin iontrála don Chlár a shocrú; agus measúnú a dhéanamh ar iarratais le bheith curtha leis an gClár.**

## Clárúcháin

Bhí 102,756 múinteoir ar an iomlán cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta an 27 Márta 2019. Bhí, ar an iomlán cuireadh 6,430 cláraí nua leis an gClár. Le linn mhíonna an tsamhraidh sa bhliain 2018, cuireadh 3,082 céimí nua leis an gClár.

| Bealach Clárúcháin | | Líon |
|---|---|---|
| **Bealach 1** | Bunscoil | 47,852 |
| **Bealach 2** | Iarbhunscoil | 44,484 |
| **Bealach 3** | Breisoideachais | 13,336 |
| **Bealach 4** | Eile | 1,215 |

*Nóta: D'fhéadfadh múinteoirí a bheith cláraithe faoi níos mó ná bealach amháin.*

Thar na tréimhse 12 mí seo, d'imigh clárú 215 múinteoir in éag ón gClár mar nár thug iad aghaidh ar a gcoinníollacha, agus chláraigh 16 múinteoir acu seo arís ina dhiaidh seo. Chuaigh clárú 1,345 múinteoir in éag mar nár íoc siad an táille athnuachana agus d'athchláraigh 56 múinteoir acu seo ina dhiaidh sin. Bhain 231 múinteoir iad féin den Chlár go deonach sa tréimhse 12 mí seo.

In Eanáir na bliana 2018, cuireadh an córas códaithe maidir le hAicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach ar an Oideachas (AICO) i bhfeidhm chun clárú faoi Bhealach 3 (Breisoideachas). Is é an glantoradh a bhí air sin ná gur cuireadh 101 chód ábhair in áit 1,600 cód ábhair. Ciallaíonn úsáid chód AICO go mbíonn líon na n-ábhar cláraithe teoranta agus go gcuirtear feabhas mór dá bhrí sin ar an tuairisciú ar sholáthar múinteoirí, go háirithe i réimsí áirithe d'earnáil an bhreisoideachais.

Tháinig an Coiste Clárúcháin le chéile ceithre huaire le linn na tréimhse seo. Tháinig an Grúpa Athbhreithnithe ar Chlárú le chéile ar 5 ócáid agus bhreithnigh an coiste 33 chás.

Amhail blianta eile agus ag teacht le gairm na múinteoireachta i dtíortha eile, is mná atá i thart ar 77% de mhúinteoirí cláraithe agus is fir 23% de mhúinteoirí cláraithe.

## Clárú a Athnuachan

Ó mhí Eanáir 2014, ní mór do mhúinteoir clárú leis an gComhairle le tuarastal atá maoinithe ag an Stát a fháil. Maireann an Clárú ar feadh 1 bhliain agus ní mór do mhúinteoirí a gclárú a athnuachan gach bliain le fanacht ar an gClár Múinteoirí. €65 i gcónaí an táille athnuachana ar chlárú agus is féidir faoiseamh cánach ioncaim a éileamh. Le linn na bliana, rinne 89,438 múinteoir a gclárú a athnuachan agus roghnaigh 89% díobh an íocaíocht a dhéanamh ar líne. Le héifeacht ó lár mhí na Samhna 2018, ní eisíonn an Chomhairle ach ríomhChartaí agus ríomhAdmhálacha amháin. Tá deireadh curtha le cártaí plaisteacha comhtháite agus le hadmhálacha i gcruachóip agus tá cárta leictreonach (ríomhChárta) agus admháil leictreonach (ríomhAdmháil) atá inrochtana go héasca curtha ina n-áit, agus tá sé sin ag sábháil airgid don Chomhairle.

## Clárú le Coinníollacha

Cláraítear múinteoirí le coinníollacha mura bhfreastalaíonn siad ar riachtanais na Comhairle ag an gclárú tosaigh. Bíonn na coinníollacha atá i bhfeidhm ar chlárú múinteora, agus na modhanna agus tréimhsí ama le tabhairt faoi na coinníollacha seo, leagtha amach don mhúinteoir nuair a chláraíonn sé/sí. Go ginearálta, tugtar trí bliana do mhúinteoirí le tabhairt faoi na coinníollacha dá gclárú agus is féidir síneadh ama a lorg i gcásanna eisceachtúla. I Meán Fómhair 2018, rinne an Chomhairle teagmháil le 468 múinteoir a raibh coinníollacha acu le dáta éagtha an 1 Feabhra 2019. Cuireadh 264 mhúinteoir i láthair an Phainéil Clárúcháin lena mbreithniú. Baineadh 3 mhúinteoir den Chlár ina dhiaidh sin agus fuair na múinteoirí a bhí fanta síneadh breise.

Rinneadh teagmháil le 1,824 mhúinteoir ar an iomlán a raibh coinníollacha acu a bhí ag seasamh amach trí mhí roimh na dátaí éagtha agus d'iarr 953 díobh síneadh agus bronnadh síneadh orthu. Le linn na bliana, baineadh 4,909 gcoinníoll de chlárúcháin múinteoirí mar go raibh siad comhlíonta.

Ó mhí Mheán Fómhair 2017, chuir an Chomhairle tús le riarachán iomlán a dhéanamh ar phróiseas ionduchtúcháin ghairmiúil de chuid *Droichead* do mhúinteoirí nuacháilithe. Chríochnaigh 1,669 múinteoir ar an iomlán próiseas *Droichead* 2017/2018 le linn mhíonna an tsamhraidh. Ar an iomlán, sa bhliain 2018/2019, rinne 2,774 mhúinteoir iarratas ar thús a chur le próiseas *Droichead* ar fud 1,174 bhunscoil, iarbhunscoil agus scoil oideachais speisialta.

Tháinig an Painéal Clárúcháin le chéile ar 6 ócáid agus bhreithnigh 274 chás. Cuireadh 750 cás eile i láthair an Phainéil lena ndaingniú le linn na bliana.

## Tionscadal Dearbhaithe MGO

Tugann an tionscadal seo deis do mhúinteoirí iarbhunscoile faoi oiliúint atá sa chéad bhliain den Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) a dhearbhú go gcomhlíonann a n-ábhair bhunchéime riachtanais na Comhairle don teagasc in ábhar curaclaim amháin ar a laghad. Dearbhaíonn sé seo go bhfuil siad i dteideal clárú leis an gComhairle nuair a chríochnaíonn siad a staidéir mháistreachta agus cuidíonn sé le dlús a chur faoin bpróiseas clárúcháin freisin. Bhain 82% de na múinteoirí faoi oiliúint leas as an bpróiseas saor in aisce seo.

## Ombudsman

Fuair an Chomhairle dhá fhiosrúchán ó Oifig an Ombudsman maidir le gearáin a chuir múinteoirí isteach maidir le cúrsaí clárúcháin. Chuir an Chomhairle an t-eolas iomchuí ar fad agus an soiléiriú a hiarradh ar fáil. I gcás amháin níor sheas an tOmbudsman leis an ngearán agus dearbhaíodh próisis na Comhairle, sa chás eile níor lean an múinteoir leis an ngearán.

## Eolas maidir leis an gClár a rochtain

Tá Clár na Múinteoirí le fáil don phobal lena scrúdú tríd an tsaoráid "Cuardaigh an Clár" ar líne ar láithreán gréasáin na Comhairle. Baineadh úsáid as an tsaoráid seo 153,415 uair le linn na bliana.

## Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Déanann an Chomhairle grinnfhiosrúchán na múinteoirí a riar chun críche clárúcháin agus fostaíochta. Le linn na bliana tuairiscithe, rinneadh grinnfhiosrúchán ar 19,983 mhúinteoir agus rinneadh grinnfhiosrúchán ar 9,599 múinteoir chun críocha clárúcháin agus fostaíochta agus rinneadh grinnfhiosrúchán ar 10,384 mhúinteoir mar chuid den tionscadal athghrinnfhiosrúcháin.

An 1 Meán Fómhair 2018, chuir an Chomhairle tús le hathghrinnfhiosrúchán a dhéanamh ar 37,000 múinteoir cláraithe. Rinneadh grinnfhiosrúchán ar na múinteoirí seo idir na blianta 2006 agus 2016 agus bhí sean-pháipéir acu de chuid Lárbhiúró Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. Rinneadh teagmháil leis na múinteoirí cúig mhí roimh an mhí athnuachana agus comhlánaigh siad próiseas iarratais grinnfhiosrúcháin dhá chéim ar mhaithe le bheith incháilithe lena gclárúchán a athnuachan.

Tugtar Nochtadh ar thoradh an phróisis grinnfhiosrúcháin. Mar chuid de phróiseas clárúcháin, ní mór don Chomhairle breithniú a dhéanamh ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin le haghaidh oiriúnacht an duine mar 'duine cuí oiriúnach' chun críche clárúcháin.

Tháinig Painéal Fianaise ar Charachtar na Comhairle le chéile 10 n-uaire agus bhreithnigh 29 nochtadh grinnfhiosrúcháin maidir le hiarratasóirí ar chlárú agus ar chlárú a athnuachan. Cuireadh 186 chás os comhair an phainéil lena ndaingniú le linn na bliana.

Tháinig Grúpa Athbhreithnithe ar Chlárú le chéile 3 uaire maidir le measúnú duine a bheith oiriúnach agus cuí.

## Tionscadal Athsholáthair an Bhunachair Sonraí Clárúcháin

Cuireadh tús le tionscadal sa bhliain 2018 a dhíreoidh ar athsholáthar a dhéanamh ar bhunachar sonraí clárúcháin reatha na Comhairle agus táthar ag súil go rachaidh sé amach beo i ráithe a trí de 2020.

Is é an cuspóir atá leis an tionscadal seo, córas clárúcháin múinteoirí a chur ar fáil, a chur i bhfeidhm, a óstáil agus tacú leis, córas a bheidh ag teacht in áit an chórais atá á úsáid ag an gComhairle i láthair na huaire. Beidh an soláthar seo ar an athrú teicneolaíochta is mó ar thug an Chomhairle faoi go dtí seo. Beidh tionchar ag an tionscadal ar fhormhór na gcomhaltaí foirne agus beidh tionchar aige ar an gcuid is mó de na múinteoirí cláraithe ina gcuid idirghníomhaíochtaí leis an gComhairle.

Tá go leor pointí teagmhála láimhe i gceist leis an gcóras atá ann cheana féin agus riachtanas aitheanta maidir leis an ngá leis an bpróiseas cláraithe agus seirbhísí gaolmhara a dhigitiú agus a shruthlíniú chomh luath agus is féidir. Teastaíonn córas a chuimsíonn tairseach féinseirbhíse atá inrochtana ó gach cineál gairis, lena n-áirítear, fón póca/táibléid. Is í an uaillmhian ar deireadh thiar ná réiteach a chur i bhfeidhm chun seachadadh seirbhíse feabhsaithe a chur ar fáil d'iarratasóirí agus do mhúinteoirí agus úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní na Comhairle ag an am céanna.

Teastaíonn tacaíocht ón tionscadal seo i bhfoirm fo-thionscadail, go háirithe i réimsí glanta sonraí agus ascnamh sonraí. Beidh na tionscadail seo comhthreomhar leis an bpríomhthionscadal athsholáthair.



# 4 Feabhas a chur ar chaighdeáin a bhaineann le hiompair agus cleachtadh gairmiúil


**Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta freagrach as cáilíocht na múinteoireachta in Éirinn a chothabháil agus a fheabhsú trí ardchaighdeán i ngairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a chinntiú. Tá sé sin á bhaint amach trí Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a fhoilsiú agus a chur chun cinn agus trí ghearáin a imscrúdú.**

Leagtar amach sa dara heagrán den Chód Iompair Ghairmiúil (a tugadh cothrom le dáta sa bhliain 2016) na caighdeáin a bhaineann le heolas gairmiúil, oilteacht, inniúlacht agus iompar a bhfuiltear ag súil leo ó mhúinteoirí cláraithe. Is ionann an Cód agus ráiteas maidir le céard ba chóir a bheith i gceist le dea-theagasc agus an cruth ba chóir a bheith ar an teagasc sin. Is doiciméad reachtúil é agus úsáidtear mar phointe tagartha é nuair a bhíonn fiosrúcháin á ndéanamh maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh.

Cuireadh tús le feidhmeanna maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh na Comhairle (Cuid 5 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015) an 25 Iúil 2016. Is féidir leis an gComhairle gearáin a dhéantar i gcoinne múinteoirí cláraithe a imscrúdú anois. Ar an bpointe boise is a dhéantar gearán, tionscnóidh an Chomhairle imscrúdú agus déanfar cinneadh ar chóir déileáil leis an ngearán trí nósanna imeachta araíonachta foirmiúla na Comhairle.

Is féidir leis an gComhairle, tar éis éisteachta araíonachta, cinneadh a dhéanamh comhairle, rabhadh a thabhairt, nó cáineadh a dhéanamh ar an múinteoir i scríbhinn, coinníollacha a fhorchur ar chlárú an mhúinteora, nó an múinteoir a chur ar fionraí nó a bhaint den Chlár Múinteoirí. Sa chás go gcuirtear múinteoir ar fionraí nó má bhaintear é/í den chlár, níl sé/sí i dteideal a bheith íoctha le tuarastal atá maoinithe ag an Stát.

Molann an Chomhairle gur chóir gearáin a chur faoi bhráid scoil an mhúinteora sula gcuirtear iad faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta. Mar sin féin, áit a bhfuil leanbh nó duine soghonta i mbaol, ba chóir é seo a chur faoi bhráid an Gharda Síochána agus Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Cuirfidh feidhmiú na nósanna imeachta faoi Alt 28 den Acht Oideachais 1998 nós imeachta gearán ar bhonn foirmiúil ag leibhéal na scoile ar fáil, a thabharfadh an deis déileáil le casaoidí nó gearáin gan dul i mbun na nósanna imeachta Feidhmiúlacht chun Múineadh. Maidir leis sin, lean an Chomhairle lena rannpháirtíocht leis an Aire, leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le páirtithe leasmhara ó thaobh an ghá nósanna imeachta a chur i bhfeidhm faoi Alt 28 den Acht Oideachais 1998.




> Is éard atá sa Chód ná ráiteas maidir le céard ba chóir a bheith i gceist le dea-theagasc agus an cruth ba chóir a bheith ar an teagasc sin.

Lean an Chomhairle Mhúinteoireachta lena rannpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir leis an ngá atá ann go gceadóidh agus go síneoidh an tAire rialacháin faoi Alt 37 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta agus go bhfoilseofar iad sin mar Ionstraim Reachtúil. Cuirfidh rialacháin faoi Alt 37 den Acht dualgas ar fhostóirí an Chomhairle Mhúinteoireachta a chur ar an eolas sa chás go n-éiríonn múinteoir as i ndiaidh gearán nó próiseas araíonachta ag leibhéal scoile.

## Fiosrúcháin maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh/Coiste Araíonachta

Cuireadh tús le Feidhmiúlacht chun Múineadh an 25 Iúil 2016 agus is féidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta ón dáta sin ar aghaidh, gearáin a bhaineann le múinteoirí cláraithe a fháil agus a imscrúdú agus mar thoradh air sin d'fhéadfaí fiosrúchán a dhéanamh ar fheidhmiúlacht múinteora chun múineadh.

Féadfaidh Coiste Imscrúdaithe na Comhairle gearán a chur ar aghaidh go dtí an Coiste Araíonachta le haghaidh fiosrúcháin. I bhformhór na gcásanna, beidh éisteacht ó bhéal i gceist leis an bhfiosrúchán os comhair phainéal den Choiste Araíonachta. Is é an painéal den Choiste Araíonachta a dhéanann an fiosrúchán.

Tá sé cosúil le héisteacht os comhair cúirte nó binse fiosrúcháin. Tugann finnéithe fianaise faoi mhionn, féadfaidh an painéal, áfach, ar iarratas ón múinteoir nó ar thoiliú an mhúinteora atá faoi réir ag an ngearán, cinneadh a dhéanamh fiosrúchán a reáchtáil trí dhoiciméid agus aighneachtaí i scríbhinn a scrúdú, seachas fiosrúcháin i bhfoirm éisteacht ó bhéal.

I bhformhór na gcásanna, beidh éisteacht ó bhéal ar siúl sa chás go bhfuil easaontas maidir le fíricí nó go ngabhann saincheist leo. Sa chás fiosrúchán a bheith ar siúl go poiblí, féadfaidh na meáin freastal air.

Má dhéantar iarratais, d'fhéadfadh an painéal fiosrúcháin cinneadh a dhéanamh cuid den fhiosrúchán a reáchtáil go príobháideach. D'fhéadfadh an Painéal cinneadh a dhéanamh aitheantas na ndaoine agus na n-áiteanna a bhaineann leis an bhfiosrúchán a cheilt má bhíonn fiosrúchán ar siúl go poiblí.

Bhí dhá ábhar faoi fhiosrúchán sa bhliain tuairiscithe 2018/2019. Bhí ullmhúcháin ar siúl agus bhíothas ag feitheamh ar dháta éisteachta maidir leis an dá chás ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Dheimhnigh an Ard-Chúirt smachtbhanna maidir le múinteoir a bhaint den chlár an 13 Lúnasa 2018 tar éis an chéad fhiosrúchán a bheith déanta ag an gComhairle Mhúinteoireachta. Maidir le torthaí mí-iompair ghairmiúil agus smachtbhanna maidir leis an múinteoir a bhaint den chlár ón gcéad fhiosrúchán, breithnigh an Chomhairle an méid seo agus rinne sí cinneadh é seo a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin de bhun Alt 46(B)(b) den Acht agus aitheantais na bpáirtithe faoi cheilt.

Ar leithligh, i Márta 2019 cheadaigh an Chomhairle beartas ó thaobh tréimhsí ama chun torthaí agus smachtbhannaí a fhoilsiú chun iad a bheith ar chlár na múinteoirí agus ar láithreán gréasáin na Comhairle.

Ullmhaíodh cosaint ó thaobh dúshlán Ard-Chúirte a thug múinteoir in aghaidh na Comhairle Múinteoireachta maidir le cinneadh a rinne an Chomhairle fógra a thabhairt don Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin maidir le húdar imní bona fide a bhain le cosaint leanaí. Níor sheas an Ard-Chúirt le cás an mhúinteora sa chás seo agus rialaíodh i bhfabhar na Comhairle Múinteoireachta. Ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, cuireadh achomharc maidir leis an ábhar faoi bhráid na Cúirte Achomhairc.

## Gearáin maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh/Coiste Imscrúdaithe

Fuair an Chomhairle 39 ngearán maidir le múinteoirí cláraithe idir 28 Márta 2018 agus 27 Márta 2019.

Bhain tríocha a seacht de na gearáin le múinteoirí aonair, bhain dhá ghearán le dhá mhúinteoir.

Diúltaíodh cúig cinn den 39 ngearán ag céim athbhreithnithe an Stiúrthóra mar nár fhreastail siad ar riachtanais Achtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015, m.sh. ní raibh siad sínithe agus ní raibh na doiciméid agus an t-eolas ábhartha in éineacht leo.

## Cúiseanna gearán

Is féidir leis an gComhairle féachaint ar ghearán ar líon cúiseanna mar a leagtar amach i gCuid 5 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Mí-iompar gairmiúil
- Rannpháirtíocht in iompar atá in aghaidh an Chóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí
- Neamhábaltacht teagasc mar gheall ar chúrsaí sláinte
- Ciontú cúirte mar gheall ar chionta áirithe
- Gan foráil a chomhlíonadh nó foráil de chuid na nAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015, den Acht Oideachais, 1998, den Acht (Leas) Oideachais, 2000, den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus aon rialacháin, rialacha nó orduithe faoi na hAchtanna sin, a shárú
- Gan tasc a chomhlíonadh nó gan gníomh a dhéanamh atá sonraithe i dtoiliú a tugadh do phainéal Choiste Araíonachta na Comhairle ag fiosrúchán agus
- Clárú mícheart mar gheall ar dhearbhú bréagach nó calaoiseach nó mífhaisnéis

## Cinntí an Choiste Imscrúdaithe

Is coiste scagtha é an Coiste Imscrúdaithe a dhéanann gearáin a fhaigheann an Chomhairle Mhúinteoireachta maidir le múinteoirí cláraithe a bhreithniú agus a imscrúdú. Ní mór don Choiste seo cinneadh a dhéanamh an gá gníomhú nó ar chóir an gearán iomlán nó cuid den ghearán a chur ar aghaidh go dtí an Coiste Araíonachta le haghaidh fiosrúcháin.

- Chinn an Coiste Imscrúdaithe nach bhféadfaidís 19 ngearán a bhreithniú. Diúltaíodh na gearáin seo mar nár chomhlíon siad riachtanais na nAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, m.sh tharla an t-iompar roimh an 25 Iúil 2016 agus ní raibh an t-údarás ag an gCoiste Imscrúdaithe a leithéid a bhreithniú ag an am sin, níor bhain siad le feidhmiúlacht an mhúinteora chláraithe chun múineadh ná níor cuireadh nósanna imeachta scoilbhunaithe i gcrích sular ardaíodh an t-ábhar leis an gCoiste Imscrúdaithe
- Tar éis cinneadh imscrúdú a dhéanamh, níor chuir an Coiste ceithre cinn de na gearáin faoi bhráid an Choiste Araíonachta
- Bhreithnigh an Coiste Imscrúdaithe gearán amháin a tharraingt siar agus rinne an Coiste Imscrúdaithe cinneadh nach raibh gníomh breise riachtanach maidir leis an ábhar nó le hábhar an ghearáin
- As na 39 ngearán, bhí ar an gCoiste Imscrúdaithe breithniú breise a dhéanamh ar 27 de na gearáin amhail an 27 Márta 2019 agus
- Bhain chuig cinn déag den 39 ngearán le hiompar a tharla sular cuireadh tús le Cuid 5.

## Foinse gearáin

| Grúpa Gearáin | Líon |
|---|---|
| Tuismitheoirí | 21 |
| An Chomhairle Mhúinteoireachta tríd an gCoiste Feidhmiúcháin, tar éis den ghearán a bheith tugtha ar aird na Comhairle trí na meáin nó ar bhealach eile | 8 |
| Páirtithe eile | 10 |
| Údaráis bainistíochta scoile | 0 |

## Earnáil

As na 39 ngearán a fuarthas sa bhliain tuairiscithe, bhain 11 le múinteoirí san earnáil iarbhunscoile agus bhain 26 le múinteoir in earnáil na bunscoile agus péire leis an Earnáil Breisoideachais.

## Catagóirí gearáin

Léirítear sa mhéid seo a leanas na catagóirí gearáin a taifeadadh agus líon na ngearán a fuarthas i ngach catagóir i rith na bliana tuairiscithe:

| | |
|---|---|
| Iompar* | 30 |
| Inniúlacht/ feidhmíocht/cleachtadh | 10 |
| Údair imní ó thaobh sláinte | 1 |
| Cionta coiriúla | 3 |
| Mímhacántacht/ionracas gairmiúil | 2 |
| Teip ar an múinteoir tuairisciú a dhéanamh/a chur in iúl | 1 |
| Sárú Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí | 1 |
| Sárú ar na hAchtanna Sonraithe atá liostaithe in Alt 42(1)(a) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (Leasú) 2015 | 0 |

*Nóta: Is féidir le níos mó ná catagóir gearáin amháin a bheith ceangailte le haon ghearán ar leith. Dá bhrí sin, ní gá gurb ionann líon iomlán an 50 gearán a fuarthas i rith na bliana tuairiscithe agus líon na gcúiseanna gearán sa tábla thuas'*

* Áiríonn gearáin a bhain le hIompar mí-úsáid fhisiciúil/ionsaí fisiciúil, ionsaí ó bhéal, teagmháil ghnéasach/collaí le dalta, caidreamh pearsanta míchuí le dalta (nach mbaineann le caidreamh gnéasach), cumarsáid mhíchuí (a bhaineann nó nach mbaineann le cumarsáid ghnéasach), bulaíocht, iompar idirdhealaitheach agus úsáid mhíchuí na meán sóisialta.

## An Coiste Feidhmiúcháin

Is coiste reachtúil den Chomhairle é an Coiste Feidhmiúcháin a fheidhmíonn feidhmeanna atá bronnta air ag na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, agus clúdaíonn sé seo ábhair a d'fhéadfadh an Chomhairle a tharmligean. Rinne an Chomhairle a feidhmeanna a tharmligean faoi alt 47 agus faoi alt 42(1) den Acht ar an gCoiste Feidhmiúcháin, de bhun alt 26(i) de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta.

Déantar foráil in Alt 47 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta gur féidir leis an gComhairle, má bhíonn sí sásta gurb ar mhaithe le leas an phobail, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar Ordú le clárú múinteoir cláraithe a chur ar fionraí ar feadh tréimhse sonraithe. Rinne Coiste Feidhmiúcháin breithniú ar iarratas den sórt sin faoi Alt 37 sa bhliain tuairiscithe. Rinne an Chomhairle iarratas ar an Ard-Chúirt maidir le hOrdú Alt 37 agus ceadaíodh an tOrdú.

Tugadh *Treoirlínte Alt 47*, a mbaineann an Coiste Feidhmiúcháin úsáid astu, cothrom le dáta le linn na bliana tuairiscithe, cheadaigh an Chomhairle iad an 11 Márta 2019 agus tugadh cothrom le dáta iad ina dhiaidh sin ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.

Déantar foráil in Alt 42(1) den Acht go bhféadfadh an Chomhairle gearán a dhéanamh leis an gCoiste Imscrúdaithe. Chinn an Coiste Feidhmiúcháin (tar éis na feidhme a bheith tarmligthe ag an gComhairle dó) gur chóir don Chomhairle a bheith mar Ghearánach maidir leis na hocht ngearán le linn na bliana tuairiscithe. D'fhéadfadh sé seo tarlú nuair a dhírítear aird na Comhairle ar mhúinteoir cláraithe trí na meáin chumarsáide nó nuair a thugann duine den phobal nó Bord Bainistíochta fógra don Chomhairle maidir le húdar imní a bhaineann le múinteoir cláraithe agus ach nach mian leo a bheith mar ghearánach foirmiúil.

## Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara maidir le hábhair a bhaineann le feidhmiúlacht chun múineadh

Bíonn an Chomhairle rannpháirteach go gníomhach leis na páirtithe leasmhara go rialta.

Sa bhliain tuairiscithe, bhí cruinnithe déthaobhacha ar siúl maidir le cúrsaí feidhmiúlachta chun múineadh idir comhaltaí foirne na gCaighdeán Gairmiúil a thacaíonn le feidhmeanna na Comhairle maidir le feidhmiúlacht chun múineadh agus na príomhpháirtithe leasmhara.

Lean an Chomhairle ag tabhairt tacaíochta do na páirtithe leasmhara ó thaobh cruinnithe faisnéise agus seisiúin eolais a chur ar fáil i gcomhthéacs na Feidhmiúlachta chun Múineadh.

Bhí rannpháirtíocht páirtithe leasmhara níos leithne ar siúl chun tabhairt faoin méid atá foghlamtha ag an gComhairle faoi na gearáin agus na fiosruithe go dtí seo ar siúl an 19 Aibreán 2018.

Rinne an Coiste Imscrúdaithe agus Coiste Araíonachta na Comhairle Múinteoireachta Treoirlínte do Mhúinteoirí maidir leis na Meáin Shóisialta a dhréachtú agus cheadaigh an Chomhairle iad do chríocha comhairliúcháin i mí na Nollag 2018. Bhí ullmhúcháin ar siúl ag deireadh na tréimhse tuairiscithe chun dul i gcomhairle le raon leathan páirtithe leasmhara agus aiseolas a lorg uathu maidir leis na Dréacht-Treoirlínte. Bhí Dréacht-Treoirlínte ullmhaithe faoi dheireadh na tréimhse tuairiscithe chun iad a eisiúint ar mhúinteoirí.

Bhí rannpháirtíocht ar siúl leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, Tusla, an Garda Síochána agus le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí i gcomhthéacs eolas maidir le cosaint leanaí/riosca do leanaí a chomhroinnt leis an gComhairle Mhúinteoireachta nuair a bhaineann sé le múinteoir cláraithe.

## Forbairtí ábhartha eile maidir le feidhmiúlacht chun múineadh le linn na bliana tuairiscithe

Bhí rannpháirtíocht le rialtóirí múinteoireachta sa Ríocht Aontaithe ar siúl maidir leis an bhféidearthacht go dtarlóidh Breatimeacht gan ord gan eagar. Breithníodh, go háirithe, na himpleachtaí maidir le comhroinnt sonraí tar éis an Bhreatimeachta le tíortha nach cuid de Bhallstáit AE iad i gcomhthéacs faisnéise maidir le feidhmiúlacht chun múineadh, faisnéis isteach agus amach araon.

Rinneadh athbhreithniú ar phróisis i gcomhthéacs an GDPR a tháinig i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018 agus nósanna imeachta bainistithe gaolmhara a thabhairt cothrom le dáta.



# 5 Oideachas Tosaigh Múinteoirí & Ionduchtú

**Promoting high standards across the continuum of teacher education is central to the work of the Teaching Council. The Council's functions in this area begins when a teacher enters initial teacher education, and continue throughout the teacher's career.**

## Athbhreithniú agus Creidiúnú ar Chláir OTM

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú agus creidiúnú ar chláir oideachais tosaigh múinteoirí lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach le múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú chun dul isteach sa ghairm.

Éilíonn gníomh a dó dhéag i bplean Gníomhaíochta Soláthair Múinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna (2018) ar an HEA dul i rannpháirtíocht le soláthróirí cláir OTM lena chinntiú go mbeidh na cláir OTM breise iar-bhunscoile comhthráthacha 4 bliana i bhfeidhm do 2019/20 a cháilíonn múinteoirí i dhá réimse ábhair, lena n-áirítear, ábhair spriocdhírithe (Matamaitic, Grúpa Oibre Ardoideachais, an tÚdarás Ardoideachais/an Roinn Oideachais agus Scileanna, Ráithe 3 2018 réimse/réimsí Feidhme an Grúpa Gníomhaíochta Oibre, dáta spriocdhírithe, Fisic, Ceimic, Eolaíocht Ríomhaireachta, Fraincis, Spáinnis, Iodáilis, Gaeilge, Eacnamaíocht Bhaile). Fuair an Chomhairle Mhúinteoireachta ceithre aighneacht sa tréimhse tuairiscithe ó ceithre HEI chun cláir a chreidiúnú sna réimsí ábhair spriocdhírithe. Ceapadh painéil creidiúnaithe agus cuireadh tús leis an bpróiseas athbhreithnithe agus creidiúnaithe. Agus é seo á scríobh, bhí creidiúnú déanta ar cheithre cinn de na cláir agus tá an péire atá fanta agus dul tríd an bpróiseas.

Fuair an Chomhairle aighneacht ó sholáthróir amháin le clár MGO Príomha a thabhairt isteach. Tá tús curtha leis an bpróiseas maidir le hathbhreithniú agus le creidiúnú.

## Cleachtadh Comhairliúcháin um Thionchar

Ar mhaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar shraith caighdeáin don ITE, Oideachas Tosaigh Múinteoirí; Critéar agus Treoirlínte do Sholáthróirí Cláir (2011) Breisoideachais: Riachtanais Ghinearálta agus Riachtanais Cláir do Chreidiúnú Cáilíochtaí Oideachais Múinteoirí (2011), agus An Straitéis le hAthbhreithniú agus Creidiúnú a dhéanamh ar Chláir Oideachais Tosaigh Múinteoirí (2011), thug an Chomhairle faoi Chleachtadh Comhairliúcháin um Thionchar i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha i Ráithe 2 agus i Ráithe 3 den bhliain 2018, chun tionchar na gclár athchoincheaptha mar a bhraitear ag leibhéal aonair, scoile agus córais, a fháil amach. Bhí léargas ó raon de na páirtithe leasmhara i gceist leis an gcleachtadh seo, le fócas faoi leith ar a dtaithí maidir leis na cláir athchoincheaptha agus tionchar na gclár siúd ar a gcleachtas agus ar na scoileanna agus ar an gcóras níos leithne. Bailíodh sonraí ó dhaltaí OTM reatha, ó chéimithe OTM (atá ina múinteoirí anois), ó mhúinteoirí comhoibríocha, ó phríomhoidí, ó scrúdaitheoirí seachtracha cláir OTM agus foireann ábhartha eile OTM agus Oifigigh Oideachais agus ceardchumainn mhúinteoirí.

Tionóladh seisiúin chomhairliúcháin grúpa páirtithe leasmhara i ceithre ionad. Chuir na torthaí ón gcleachtadh seo eolas ar fáil don phróiseas athbhreithnithe atá luaite roimhe seo (Straitéis agus Critéar). Rinneadh Céim 2 den tionscadal a stiúradh in (2018-19): agus úsáid á bhaint as torthaí ó Chéim 1 agus le tagairt do Straitéis (2011), Critéar (2011), agus foilseacháin ghaolmhara, bhí dréachtú/athdhréachtú doiciméad ar Chaighdeáin OTM agus Straitéis maidir le hAthbhreithniú agus Creidiúnú na gClár Oideachais Tosaigh Múinteoirí i gceist le Céim 2. Tá dréacht den doiciméad leasaithe tugtha chun críche.

## Socrúchán Scoile

Tháinig Grúpa Oibre Socrúcháin Scoile le chéile i mí na Samhna. Cuireadh de chúram ar an nGrúpa oibriú ar chur chuige comhordaithe, cuí agus inbhuanaithe i leith socrúchán scoile, cuireadh de chúram orthu freisin athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm treoirlínte agus moltaí taighde ar shocrúcháin scoile a bhí coimisiúnaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta (Hall et al, 2018). Chuimsigh an Grúpa, a bhí faoi chathaoirleacht na Comhairle Múinteoireachta, 18 gcomhalta agus áiríodh ansin, ionadaithe óna HEInna, Ceardchumainn Mhúinteoirí, comhaltaí Chónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile (CEMU), Oifigigh Shinsearacha DES, cigireacht DES, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus an Chomhairle Mhúinteoireachta.

## I dTreo na Tuarascála maidir leis an bPlean Gníomhaíochta

Cuirfidh an t-aiseolas a bhí bailithe ó chruinnithe an Ghrúpa Oibre Socrúcháin Scoile agus ó chruinnithe fo-ghrúpa eolas ar fáil don Tuarascáil maidir le Plean Gníomhaíochta an Ghrúpa Oibre Socrúcháin Scoile. Go sonrach, cuirfidh an grúpa moltaí ar fáil dó Ghrúpa Forfheidhmithe Soláthair Múinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna, agus cuirfidh eolas ar fáil don athbhreithniú ar *Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéar agus Treoirlínte do Sholáthróirí Cláir* a bheidh ar fáil go luath maidir le socrúchán scoile. Táthar ag súil go gcuirfidh an Grúpa Oibre tuarascáil ar fáil i Meán Fómhair 2019.

## Measúnú ar cháilíochtaí

I gcomhréir le Treoir 2005/36/CE an AE maidir le comhaitheantas cáilíochtaí (mar atá leasaithe), is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an t-údarás inniúil in Éirinn le measúnú a dhéanamh ar iarratais ar chlárú ó dhaoine atá aitheanta mar mhúinteoirí i dtíortha AE/LEE eile. Ní mór d'iarratasóirí na critéir a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárú].

Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin chun critéir ábhair a ullmhú d'ábhair Churaclaim Pholaitíocht agus Sochaí agus Eolaíocht Ríomhaireachta na hArdteistiméireachta. Cuireadh tús le tionscadal freisin chun leasú a dhéanamh ar chritéar agus ar shruthlíniú próisis um Mheasúnú Cáilíochtaí. Agus an tuarascáil seo á scríobh tá an dá thionscadal fós ag leanúint ar aghaidh.

Déantar measúnú freisin ar bhonn aonair ar na hiarratais chláraithe go léir ó mhúinteoirí a cháiligh laistigh den AE/LEE. Fuair an Chomhairle 670 iarratas (Iarratais Bunscoile a daingníodh: 319, Iarratais Iarbhunscoile a daingníodh: 351) do mheasúnú cáilíochta le linn na bliana.

- **Tacaíocht nua ar líne d'iarratasóirí**
  Rinneadh ríomhleabhar/beochana a fhorbairt i Ráithe 1 de 2019 ina dtugtar breac-chuntas ar na trí chéim ar leith d'iarratasóirí atá thar lear: iarratas, measúnú agus clárú. Rinneadh forbairt ar shraith chuimsitheach Ceisteanna a Chuirtear go Minic i Ráithe 3 2018 agus tá siad ar fáil ar an láithreán gréasáin chun iarratasóirí a threorú.
- **Athbhreithniú ar chritéir ábhair**
  Tá Riachtanais d'Ábhar Curaclaim na Comhairle ag leibhéal Iarbhunscoile faoi réir ag athbhreithniú faoi láthair agus é mar aidhm leis cothabháil agus cosaint a dhéanamh ar chaighdeáin agus cur le solúbthacht níos fearr sa chóras. Táthar ag súil go mbeidh sraith critéir atá níos sruthlínithe ar cheann de thorthaí an athbhreithnithe seo a chuireann cur chuige níos cuimsithí ar fáil i leith raon éagsúil scileanna a thugann céimithe ón tír seo agus ó thar lear chuig timpeallacht foghlama nua-aimseartha, agus cothabháil á dhéanamh ar chaighdeáin ag an am céanna. Agus an tuarascáil seo á scríobh, bhí an próiseas comhairliúcháin agus athdhréachtaithe tugtha chun críche agus breithneoidh an Chomhairle an critéar leasaithe i Ráithe 3 de 2019.

- **Aistriúcháin**

  Admhaíonn an Chomhairle go ngabhann costas ard le haistriúchán agus tá cur síos ar ábhar 'achoimrithe' curtha san áireamh is féidir a chur faoi bhráid, leis an rogha codanna den téacs atá bainteach leis an iarratas a scaradh amach ó na doiciméid iomlána. Chomh maith leis sin, glacann an Chomhairle le haistriúcháin a dhéanann an t-iarratasóir agus a bhíonn fíoraithe ag tríú páirtí. Giorróidh sé seo an próiseas d'iarratasóirí mar gheall nach mbeidh doiciméid lena gcur amach le haistriú agus laghdófar costais ar an mbealach sin. Cuireadh an t-eolas seo atá cothrom le dáta ar an láithreán gréasáin le linn Ráithe 2 de 2018 agus tá sé ag feidhmiú faoi láthair.

## *Droichead*

Cuireadh an dara bliain de chéim fáis *Droichead*, creat ionduchtúcháin comhtháite na Comhairle do mhúinteoirí nuacháilithe, i bhfeidhm i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna sa bhliain acadúil 2018/2019. Ba é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtúcháin in iarbhunscoileanna ina raibh 400+ dalta, socrúcháin RSO agus bunscoileanna ina bhfuil 16 múinteoir príomhshrutha nó níos mó, ag teacht leis an mbeartas, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017. Eisíodh eolas ar na scoileanna go léir atá sa chatagóir éigeandála do 2019/2020 á gcur ar an eolas gurbh é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtúcháin i dtreo chlárú iomlán do MNCnna ina gcuid scoileanna ó mhí Meán Fómhair 2019.

## Próiseas um Dhearbhú Cáilíochta *Droichead* do 2017/2018

Bailíodh sonraí ó 24 scoil san earnáil bunscoileanaa agus san earnáil iarbhunscoileanna. Thug painéal Dearbhaithe Cáilíochta *Droichead* (DCD) cuairt ar gach scoil agus reáchtáladh sraith agallamh le linn na gcuairteanna. Dhréachtaigh comhalta foirne de chuid na Comhairle tuarascáil a bhí comhaontaithe agus curtha i gcrích ag an bpainéal. Thug an Chomhairle Mhúinteoireachta tuarascáil an DCD ar aird an 1 Deireadh Fómhair 2018.

## BEACONS (Oideachas Gníomhach a dhéanamh dár bPobal ar Scála Náisiúnta)

Le linn na bliana tuairiscithe, chuir an Stiúrthóir tús le comhráite le grúpaí éagsúla páirtithe leasmhara maidir le mar a d'fhéadfaí níos mó comhráite agus comhráite níos fearr a éascú idir múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí. D'eascair sé seo as siompóisiam oideachais cruthaitheach a bhí á óstáil ag Coláiste Ealaíne Bhoirne i nDeireadh Fómhair 2018.

Bunaíodh grúpa stiúrtha agus tháinig siad sin le chéile i Leamhcán, i nDurlas agus in Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar. Glacadh le BEACONS mar theideal ar an bpróiseas a bhfuil sé i gceist leis raon samhlacha a fhorbairt a d'fhéadfadh scoileanna a roghnú chun tacú le rannpháirtíocht leanúnach lena gcuid daltaí, tuismitheoirí agus leis na pobail níos leithne.

Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí pleananna ar bun chun óstáil a dhéanamh ar an gcéad imeacht fréamhshamhla in Inis Díomáin, Contae an Chláir. Is éard a bhí i gceist leis an imeacht seo fianaise agus aiseolas a bhailiú maidir leis an mbealach is fearr le comhráite den sórt seo a éascú le heolas a chur ar fáil ó thaobh oibre amach anseo.



# 6 Foghlaim agus Taighde Múinteoirí

## Foghlaim Múinteoirí

### Cosán

Mar chuid de phróiseas forbartha Cosán, thionóil an Chomhairle Mhúinteoireachta Lá Foghlama Comhroinnte an 19 Bealtaine 2018 in Óstán an Mullingar Park chun tacú le múinteoirí ó thaobh machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar chleachtas agus iad a éascú chun a dtaithí a chomhroinnt ó thaobh a bheith rannpháirteach i machnamh mar chuid de Phróiseas Forbartha Cosán. Áiríodh ar an gcur i láthair ar an lá, Philippa Cordingley (CUREE), Kathryn Corbett (Scoil Náisiúnta Bishop Galvin), an Dr Conor Mellon (an Chomhairle Mhúinteoireachta), agus an Dr Fiona King (Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath). Dhírigh an cur i láthair ar rannpháirtíocht i bhfoghlaim ghairmiúil agus machnamh foghlama punann-bhunaithe.

Bhí Lá Foghlama Comhroinnte eile ar siúl i mí na Samhna 2018. Díríodh anseo ar théama Ceannaireacht d'Fhoghlaim ar feadh an tSaoil a bhí comheagraithe leis an NAPD agus an IPPN, i gcomhar leis an Lárionad um Cheannaireacht Scoile (CSL). Bhí spreagaitheasc agus ceardlann leis an Ollamh Andy Hargreaves ar siúl ar an lá agus bhí ceardlanna eile ar siúl, (comhráite caife) ar mhachnamh, folláine agus foghlaim ghairmiúil freisin. D'fhreastail thart ar 200 ceannaire scoile agus páirtithe leasmhara eile ar an ócáid.

I mí na Nollag 2018, thionóil an Chomhairle Mhúinteoireachta Seisiún Eolais do Pháirtithe Leasmhara Cosán. D'fhreastail thart ar 80 toscaire, lena n-áirítear, ionadaithe ó na HEInna, soláthróirí foghlama gairmiúla, an DES, máthaireagraíochtaí, comhlachtaí bainistíochta agus ceardchumainn múinteoirí i measc eagraíochtaí eile. Bhí an Chomhairle rannpháirteach go déthaobhach freisin le raon páirtithe leasmhara le linn na bliana tuairiscithe. Áiríodh orthu siúd, Léargas, Boird na hÉireann um Oiliúint san Oideachas (ETBI), Ceannaireacht Theagascach, Tionscnamh na dTeangacha Iarbhunscoile (PPLI), Cumann Ionaid Mhúinteoirí/Oideachais in Éirinn (ATECI), an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) srl. Bhí cruinniú ag an bhfoireann le hionadaithe sinsearacha ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT), agus bhí siad rannpháirteach i leagan amach forbairt ghairmiúil i gcomhthéacs na Sraithe Sóisearaí. I mí Eanáir 2019, chomhthionóil an Chomhairle agus an JCT Sóisearach seimineár gréasáin ar mhachnamh – *Múinteoireacht Mhachnamhach, Foghlaim Mhachnamhach: Ag Leanúint den Chomhrá*. Bhí thart ar 244 rannpháirtí rannpháirteach i gcraoladh beo seimineár gréasáin an tráthnóna sin agus ó shin tá breathnaithe ag 208 duine aonair eile ar an taifeadadh.

Le déanaí, tar éis rannpháirtíocht leis na hIonaid Tacaíochta Oideachais in Éirinn (ECSI – ar a dtugtaí ATECI), sa bhliain 2018, bhunaigh an cumann fo-choiste ar fhoghlaim múinteoirí agus bhí cruinniú acu leis an gComhairle agus comhaontaíodh struchtúr agus amlíne do chlár comhbheartaithe maidir le foghlaim ghairmiúil timpeall ar Cosán agus machnamh ar fhoghlaim.

D'eagraigh an Chomhairle sraith de 13 cheardlann idir mhí na Samhna 2018 agus Márta 2019. Chuir na ceardlanna seo an deis ar fáil dóibh siúd a chomhlánaigh Suirbhé *Cosán* ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta lena gcuid rannpháirtíochta a phlé agus a phleanáil lena chéile agus le foireann na Comhairle Múinteoireachta.

Bhí ceithre chruinniú ag Grúpa Oibre Cosán le linn na bliana tuairiscithe agus breithníodh aiseolas ó cheardlanna, cuairteanna scoile agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara le heolas a fháil don obair leanúnach maidir le Próiseas Forbartha Cosán. Bhreithnigh an grúpa rialú foghlaim ghairmiúil freisin i ngairmeacha agus i ndlínsí eile le haoichainteoirí agus cruinnithe an Ghrúpa Oibre, lena n-áirítear, an Pharmaceutical Society of Ireland agus an Education Workforce Council of Wales.

Tá an gá atá le rannpháirtíocht múinteoirí a spreagadh san fhoghlaim ghairmiúil ríthábhachtach do Phróiseas Forbartha Cosán. Áirítear anseo an gá atá le spás agus le ham do chomhráite atá saibhir agus údarásach. Ar an bpríomhthoradh a tháinig chun cinn ón bpróiseas go dtí seo ná gur próiseas casta atá i bhfoghlaim múinteoirí agus i machnamh múinteoirí ar an bhfoghlaim sin.

Le heolas ar an riachtanas seo le haghaidh tuilleadh spáis agus am le héascú a dhéanamh ar rannpháirtíocht bhreise le gairm na múinteoireachta agus leis an bpobal níos leithne maidir lena gcuid tuairimí ar chastacht foghlaim múinteoirí agus ar an ngá lena spreagadh, cheadaigh an Chomhairle an rún seo a leanas ag a cruinniú i mí Deireadh Fómhair 2018:

*Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le Próiseas Forbartha Cosán do na múinteoirí go léir mar chuid den fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Creideann an Chomhairle gur chóir Próiseas Forbartha Cosán a spreagadh agus tugann an Chomhairle sainordú do Ghrúpa Oibre Cosán moltaí a chur os comhair na Comhairle maidir leis an mbealach inar féidir é sin a dhéanamh. Maidir leis sin, tá sé socraithe ag an gComhairle nach mbeidh clárú múinteoirí faoi réir ag rannpháirtíocht i bPróiseas Forbartha Cosán ag an tráth seo.*

## TAIGHDE

### Seimineáir – deiseanna do scoileanna tacú le foghlaim ghairmiúil

Ag teacht leis an gcreat náisiúnta d'fhoghlaim múinteoirí – Cosán, aithnítear rannpháirtíocht le seimineáir gréasáin mar dheis luachmhar d'fhoghlaim ghairmiúil. Sa chomhthéacs sin, spreagtar scoileanna le féachaint ar sheimineáir gréasáin a bhreithniú mar phobal foghlama gairmiúil scoil-bhunaithe, nó mar chnuasach scoileanna. Bhí naoi seimineár gréasáin ar siúl le linn na bliana tuairiscithe mar chuid de shraith taighde CROÍ (Comhoibriú agus Taighde don Nuálaíocht Leanúnach) na Comhairle. Ar an gcaoi chéanna le gach seimineár gréasáin, tá na taifeadtaí ar fáil ar leathanaigh taighde láithreáin gréasáin na Comhairle. Rinneadh óstáil ar líon díobh sin i gcomhar le páirtithe ábhartha ar nós na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (JCT) agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA).

### Creat Tacaíochta John Coolahan

Tá sé mar aidhm le Creat Tacaíochta John Coolahan tacú le múinteoirí chun glacadh le cur chuige nua agus fianaise bhunaithe i leith a gcleachtadh gairmiúil. Tugadh cuireadh iarratais a chur faoi bhráid don dara babhta de Chreat Tacaíochta John Coolahan i Márta 2018. Fuarthas thart ar 58 n-iarratas agus ceapadh painéal leis na hiarratais a bhreithniú. Bhí an ócáid bhronnta ar siúl i mí na Nollag 2018, agus bronnadh maoiniú ar 18 dtionscadal lena raibh baint ag 54 taighdeoir.

### Ríomhirisí Taighde

Mar chuid de shraith taighde CROÍ na Comhairle, cuireadh seacht ríomhiris ar fáil i rith na bliana tuairiscithe. Glacadh le fócas téamach i gceithre cinn acu sin a chlúdaigh, Ionchuimsiú an Uile Dhuine, Rannpháirtíocht Mac Léinn, Múinteoireacht Mhachnamhach agus Foghlaim agus Dhátheangachas Óige. Bhí achoimre ghearr de na hairteagail agus de na naisc ábhartha chuig an téacs iomlán san áireamh i ngach ceann acu sin. Bhí eagrán speisialta de ríomhiris taighde i gceist le ceann eile, lena n-áirítear, físeán ina raibh cur i láthair ón oideachasóir mór le rá ón bhFionlainn, an tOllamh Pasi Sahlberg. Sa bhfíseán, mhol an tOllamh Sahlberg an obair atá idir lámha sa tír seo chun cultúr taighde sa mhúinteoireacht a chur chun cinn. Ba ríomhirisí bolscaireachta a bhí sa dá ríomhiris eile a bhí deartha leis na seimineáir gréasáin go léir atá ag tarlú agus chun an tairseach ar líne T-REX (Malartú Taighde Múinteoirí) (féach thíos) a chur chun cinn.

## Sparánachtaí

Bronnadh an sciar deiridh den mhaoiniú ar bheirt taighdeoirí a bhí dlite faoin scéim sparánachta taighde a bhí i bhfeidhm roinnt blianta ó shin, le linn na bliana tuairiscithe. Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí cúig aighneacht bhreise faoi na scéimeanna sin i mbun próiseas um dhearbhú cáilíochta na Comhairle, sula n-íocfar an sciar deiridh dá maoiniú.

### Malartú Taighde Múinteoirí (T-REX)

Seoladh maoiniú na Comhairle Múinteoireachta maidir le tairseach T-REX go foirmiúil i mí Feabhra 2019. Is ionann T-REX agus tairseach ar líne do mhúinteoirí agus do lucht taighde eile oideachais. Cuireann T-REX tacaíocht ar fáil chun an léargas is deireanaí ó thaighde ceannródaíoch a rochtain agus a chomhroinnt. Éascóidh sé comhráite, comhoibre agus ceangail níos láidre idir taighde, beartas, cleachtas idir scoileanna agus HEInna freisin. Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta ag maoiniú an chéad chéim eile (dhá bhliain) d'fhorbairt na tairsí, i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), an Lárionad um Sheirbhísí Éifeachtacha agus an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama san Ardoideachas.

### Taighde Coimisiúnaithe

Rinne an Chomhairle, i bhfómhar na bliana 2018, coimisiúnú ar Chomhairle Institiúid Oideachais Marino agus Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath chun taighde a dhéanamh ar thaithí múinteoirí ar *Droichead*, an creat ionduchtúcháin ghairmiúil chomhtháite do mhúinteoirí. Fiosrófar sa tionscadal seo, raon ábhair, lena n-áirítear, róil agus freagrachtaí na ndaoine sin atá rannpháirteach agus a thacaíonn le próiseas *Droichead*; ag cur acmhainní agus tacaíochtaí ar fáil don phróiseas; tionchar *Droichead* ar chultúr na scoile; agus an ceangal idir próiseas *Droichead* agus oiliúint tosaigh múinteoirí. Díreoidh seo, go háirithe ar scoileanna beaga, Gaelscoileanna, DEIS (Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh), agus socrúcháin speisialta oideachais. Táthar ag súil é a bheith tugtha chun críche faoi fhómhar na bliana 2021 agus cuirfidh sé eolas ar fáil d'athbhreithniú beartais na Comhairle. Le linn na bliana, cuireadh tús leis an tionscadal taighde faoi scáth DEEPEN (*Droichead*: Peirspictíochtaí, Eispéiris agus Insintí a Mhealladh agus a Insint).

Ar an gcaoi chéanna, leanadh le cleachtadh scóipe le linn na bliana maidir le Taighde Fadama a dhéanann Iniúchadh ar Thuras Gairmiúil Múinteoirí in Éirinn le 10 mbliana anuas a phleanáil. Ullmhaíodh doiciméad leis an margadh a fhiosrú mar chuid den phróiseas réamh-sholáthair.

### Grúpa Rannpháirtíochta Taighde (GRT)

Cuimsíonn an Grúpa Rannpháirtíochta Taighde (GRT) múinteoirí cláraithe agus daoine eile a bhfuil taithí agus spéis acu i gcúrsaí taighde sna réimsí teagaisc, foghlama agus/nó measúnaithe. Tá an grúpa ionadaíoch do raon leathan de chomhthéacsanna teagaisc, agus leasanna taighde, agus féachann sé le tacú le hobair thaighde na Comhairle. Déantar é sin trí rannpháirtíocht múinteoirí sa taighde agus le taighde a chur chun cinn agus trí rannpháirtíocht idir múinteoirí agus lucht taighde oideachais eile a chur chun cinn. Le linn na bliana, bhí comhaltaí den ghrúpa mar phainéalaithe ar sheimineáir gréasáin na Comhairle, rannpháirteach i bpainéal athbhreithnithe Creat Tacaíochta Taighde John Coolahan, agus rinneadh achoimre ar airteagail lena gcur san áireamh ina ríomhirisí taighde. Chuidigh siad freisin le cruth a chur ar chlár CROÍ atá beartaithe do 2019/2020. Bhí dhá chruinniú ag an ngrúpa le linn na bliana tuairiscithe. I mí na Bealtaine 2018, d'fháiltigh an Chomhairle roimh líon comhaltaí nua ar an ngrúpa.

### Leabharlann ar Líne

Cuireann an Chomhairle rochtain saor in aisce chuig an leabharlann irisí agus ríomhleabhair ar líne ar fáil do gach múinteoir cláraithe. Leis an leabharlann a rochtain, ní mór do mhúinteoirí cláraithe logáil isteach agus Uimhir Chláraithe na Comhairle Múinteoireachta á úsáid acu. Le linn na bliana, chinn Coiste Oideachais na Comhairle tuilleadh bolscaireachta a dhéanamh ar an leabharlann agus bhí feachtas ar na meáin shóisialta agus póstaeir ag an gcéim phleanála ag deireadh na bliana.



# 7 An mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn

## Soláthar Múinteoirí

Thionóil an tAire Oideachas agus Scileanna an chéad chruinniú de Ghrúpa Stiúrtha um Sholáthar Múinteoirí an 26 Márta 2018. Tá ionadaíocht ag an gComhairle ar an nGrúpa Stiúrtha, ar a Ghrúpa Forfheidhmithe, agus ar thrí cinn de na ceithre ghrúpa oibre atá bunaithe, eadhon, an Grúpa Oibre Cumarsáide, Ardoideachais agus Sonraí.

Thug an Grúpa Oibre Cumarsáide atá faoi chathaoirleacht Stiúrthóir na Comhairle, faoi phróiseas comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara go léir ar an bPlean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí. Cuimsigh na comhairliúcháin fóram comhairleach náisiúnta le páirtithe leasmhara i mí na Samhna, cúig ghrúpa fócais réigiúnacha le príomhoidí, múinteoirí agus tuismitheoirí agus grúpa fócais le múinteoirí faoi oiliúint. Cuireadh tús le pleanáil ar an dara fóram comhairliúcháin le daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile. Áiríodh ar ghníomhartha eile ón ngrúpa, seoladh feachtas cumarsáide, Déanann Múinteoireacht Athrú, freastal ar níos mó aontaí earcaíochta céimithe ar fud na tíre agus tús curtha le forbairt ar thairseach fostaíochta aonair ar líne d’ionadaíocht ghearrthéarmach agus tá sé i gceist é seo a bheith i bhfeidhm i mí Meán Fómhair.

## An ghairm a chur chun cinn

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta cumarsáid le páirtithe leasmhara chun na róil atá aici agus na freagrachtaí atá uirthi a mhíniú, chun cur le tuiscint na bpáirtithe leasmhara ar chuspóir a cuid oibre, agus chun spreagadh a thabhairt dóibh tacú lena cuid iarrachtaí gairm na múinteoireachta a rialáil agus a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail.

### Le linn na bliana, thug an Chomhairle faoin méid seo a leanas:

- **Óstáil an séú himeacht bliantúil FÉILTE, an Aoine, 5 Deireadh Fómhair agus an Satharn, 6 Meán Fómhair 2018 i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach.**
- **Eisíodh 35 ríomhiris, lena n-áirítear, 3 fhíseán ríomhirise, le meán-ráta oscailte de 64%.**
- **Bhí níos mó ná 2.4 milliún amharc leathanaigh aici ar an láithreán gréasáin ó níos mó ná 454,052 úsáideoir, agus ba dhaoine iad 23.6% a bhí ag tabhairt a gcéad chuairt.**
- **Cuireadh 1,800 go dtí iomlán de 24,500 leis an lucht leanta ar Twitter.**
- **Fuarthas os cionn 6,200 'is maith liom' ar leathanach Facebook.**
- **D'fhreastail ar líon comhdhálacha, seimineáir agus cruinnithe oideachais, m.sh. Seoladh LIFT (Todhchaí na hÉireann a Threorú le Chéile); Comhdháil IFTRA; Seimineár an NCCA ar an téama "Ag Cur le Turais Foghlama"; seoladh an Migrant Teachers' Project Bridging Programme; Comhdháil i gcomhar leis an IPPN agus an NAPD ar an téama "Ceannaireacht d'Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil"; seimineár an NCCA ar an athbhreithniú ar churaclam na bunscoile; Comhrá beartais óstáilte ag an NCSE; comhdháil Folláine do Ghrúpa Múinteoirí agus Foghlaimeoirí (WTL); Cruinniú Ceithre Náisiún (Comhairlí múinteoireachta na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann); Comhdháil Oideachais an INTO; seimineár MIC i nDurlas do mhúinteoirí comhoibríocha; Comhdháil CIDREE (Cuibhreannas d'institiúidí um Fhorbairt agus Taighde Oideachais san Eoraip), óstáilte ag an NCCA; cruinniú leis an Lárionad um Cheannaireacht Scoile chun plé a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile dá gcomhairliúchán páirtithe leasmhara ar chreat um dhearbhú cáilíochta do chláir foghlama gairmiúla do cheannairí scoile.**
- **Cruinniú le múinteoirí faoi oiliúint sa bhliain deiridh den oideachas múinteoirí i 27 HEA.**

## Caidreamh leis na meáin

Mar chuid dá straitéis chun an ghairm a chur chun cinn agus chun tuiscint ar obair na Comhairle a mhéadú, déanann an Chomhairle rannpháirtíocht réamhghníomhach leis na meáin chumarsáide agus tugann sí freagra ar cheisteanna ó na meáin. Le linn na bliana, eisíodh preasráitis agus ailt ar raon ábhar, lena n-áirítear, Grinnfhiosrúchán, *Droichead*, Cosán; FÉILTE; Foilsiú Plean Straitéiseach 2018-2020; fiosrúcháin ó na meáin, lena n-áirítear, Soláthar Múinteoirí, Feidhmiúlacht chun Múineadh agus Clárú.

## FÉILTE

Bhí FÉILTE 2018 ar siúl an Aoine, 5 agus Dé Sathairn an 6 Deireadh Fómhair i gColáiste Mhuire Gan Smál, Luimneach. Bhí go leor míreanna ann d'fhéile na bliana seo, lena n-áirítear, gur imeacht dhá lá a bhí i gceist a reáchtáladh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus cur i láthair ar ghné bhreise nua FÉILTE.

D'fhreastail os cionn 700 múinteoir agus daoine den phobal ar an imeacht agus bhí os cionn 1,800 duine rannpháirteach ar líne. 'Foghlaim ar Feadh an tSaoil: ag Déanamh Difríocht' a bhí mar théama na féile, a thagann laistigh de chuspóir uileghabhálach FÉILTE – an Teagasc a Chomhroinnt, a Fhoghlaim agus a Chónascadh. Bhí os cionn 50 taispeántas agus 15 ceardlann ar siúl (de réir téama) a chlúdaigh tionscadail ar fud na hearnála oideachais. Bhí siad sin go léir faoi stiúir múinteoirí a rinne léiriú ar an nuálaíocht sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim i scoileanna ar fud na tíre.

Ba í Aoibhinn Ní Shúilleabháin a bhí mar áisitheoir don imeacht.

D'oscail an tUachtarán Michael D Higgins FÉILTE tráthnóna Dé hAoine, tráth ar thug sé óráid spreagúil agus ina dhiaidh sin thug bainisteoir iomaíochta Loch Garman, Davy Fitzgerald an phríomhóráid. Thug an Seanadóir, Lynn Ruane, an phríomhóráid Dé Sathairn agus bhí sí rannpháirteach sa phainéal díospóireachta: 'Oideachas: Pedagogy of the Oppressed or Pathway to Freedom'. Bhí cruinniú múinteoirí, cruinniú daltaí agus cruinniú lucht taighde mar chuid den fhéile freisin.

Cuireadh gnéithe breise le FÉILTE den chéad uair riamh i mbliana, ar nós, Teachers Got Talent a bhí á óstáil ag Paul Harrington tráthnóna Dé hAoine agus an Morning Gloryville, imeacht damhsa agus folláine a bhí ar siúl maidin Dé Sathairn. Bhí drámaíocht agus ceol ar siúl le linn an imeachta freisin.

## Páipéir agus foilseacháin

Mar chuid de thionscnamh breise le gairm na múinteoireachta a chur chun cinn, cuireann Stiúrthóir na Comhairle páipéir i láthair go minic maidir le saincheisteanna a bhaineann le hobair na Comhairle. Bhí sé rannpháirteach le raon leathan páirtithe leasmhara, múinteoirí, tuismitheoirí agus an pobal níos leithne, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Seimineáir gréasáin ar ábhair éagsúla;
- Eagraíochtaí a chuireann folláine foriomlán chun cinn, lena n-áirítear comhdhálacha a dhíríonn ar fholláine múinteoirí. Imeachtaí a chuireann taighde chun cinn atá eagraithe ag múinteoirí agus do mhúinteoirí;
- Comhairliúchán páirtithe leasmhara leis an Lárionad um Cheannaireacht Scoile chun plé a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile dá gcomhairliúchán páirtithe leasmhara ar chreat um dhearbhú cáilíochta do chláir fhoghlama gairmiúla do cheannairí scoile;
- Seisiún eolais páirtithe leasmhara le Státrúnaí na Ríochta Aontaithe don Oideachas agus le cruinnithe coiste Oireachtais;
- Cur i láthair do mhic léinn MGO na dara bliana i UCC ó thaobh a gcuid tionscadal taighde maidir le socrúcháin scoile;
- Díospóireacht ar "Reimagining Education for the 4th Industrial Revolution" mar chuid d'Fhéile UCD;
- Comhráite foirne ar fhoghlaim ghairmiúil i Scoil Náisiúnta Bishop Galvin;
- Ceardlanna ar Chód Iompair Ghairmiúil;
- Cur i láthair ag comhdháil ar nuálaíocht na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- Seisiún eolais/cruinnithe páirtithe leasmhara maidir le Soláthar Múinteoirí;
- Grúpaí fócais le múinteoirí agus le tuismitheoirí maidir le soláthar múinteoirí;
- Cur chun cinn Próiseas Forbartha Cosán;
- Cur i láthair ag IFTRA maidir le cosaint leanaí agus aitheasc oscailte ag Comhdháil Taighde an NCSE.

## San áireamh sna ráitis a rinne an Chomhairle le linn na bliana tuairiscithe:

| Mí | Ráiteas |
|---|---|
| **Iúil 2018** | Grinnfhiosrúchán déanta ar 100% de Mhúinteoirí Cláraithe i Scoileanna na hÉireann |
| **Iúil 2018** | Lá maidir le Foghlaim Comhroinnte |
| **Iúil 2018** | Freastalaíonn an tAire Oideachais agus Scileann, Richard Bruton T.D., ar chruinnithe na Comhairle Múinteoireachta |
| **Deireadh Fómhair 2018** | An Riachtanas do Cháilíocht Oideachais Múinteoireachta faoi Bhealach 3 - Breisoideachas |
| **Samhain 2018** | Tuarascáil tar éis taighde a choimisiúnú maidir le socrúchán scoile |
| **Samhain 2018** | Próiseas Forbartha Cosán |
| **Eanáir 2019** | Cuideoidh an Clár nua stairiúil B.Ed do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann le héagsúlacht sa ghairm |

## Múinteoirí faoi oiliúint a chur ar an eolas maidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta

Thug comhaltaí foirne na Comhairle cuairt ar mhúinteoirí faoi oiliúint ina mbliain deiridh dá gcuid staidéir sa 27 Institiúid Ardoideachais le linn na bliana tuairiscithe. Ag gach cuairt mhínigh an Chomhairle conas a bhaineann a cuid oibre le gairm an mhúinteora agus an próiseas a bhaineann le clárú a dhéanamh. Cuireann an Chomhairle pacáiste MNC ar fáil freisin chun gach ní is gá a bheith ar eolas ag múinteoirí faoina gclárú gairmiúil leis an gComhairle Mhúinteoireachta a chur ar fáil.

## Láithreán gréasáin

Bhí beagnach 2.4 milliún (2,365,505) amhairc leathanaigh ar láithreán gréasáin na Comhairle ó níos mó ná 454,052 úsáideoir le linn na bliana tuairiscithe, agus ba chuairteoirí den chéad uair a bhí in 23.6% acu sin.

## Gaeilge

Forálann an Chomhairle go sonrach do sheachadadh a cuid seirbhísí i nGaeilge, faoi threoir fhoráil Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Cuirtear foilseacháin agus ríomhirisí na Comhairle ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge de ghnáth. Maidir le gach comhfhreagras i nGaeilge a fuarthas i gcaitheamh na bliana, le ríomhphost, sa phost nó mar ghlao gutháin, d'fhéach an Chomhairle chuige gur cainteoir Gaeilge a thug freagra air.

## Saoráil faisnéise

Tá an Chomhairle faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, agus an Achta um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2014. Fuair an Chomhairle 7 n-iarratas ar Shaoráil Faisnéise (FOI) le linn na bliana.



# 8 Eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt agus a chothabháil

**Tá sé mar aidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta eagraíocht atá éifeachtach agus éifeachtúil a reáchtáil.**

## Airgeadas

Bhí caiteachas €7.48 milliún ag an gComhairle don bhliain airgeadais 2018, ardú €0.6 milliún i gcomparáid leis an mbliain 2017. Ar na príomhchúiseanna a bhí leis an ardú ar chaiteachas, bhí ardú ar chaiteachas taighde, chomh maith le líon níos mó foirne. Cé gur tabhaíodh costais níos ísle sa réimse maidir le Caighdeáin Ghairmiúla sa bhliain 2018 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, meastar go dtiocfaidh ardú ar chaiteachas sa réimse seo sna blianta atá romhainn agus an Chomhairle ag déileáil le níos mó cásanna.

Ba €7.08 milliún ioncam na Comhairle (ús agus glanioncam cíosa lúide cáin san áireamh), ardú €0.23 milliún thar an mbliain 2017. Léirítear an t-ardú ar líon na múinteoirí atá ar an gClár san ardú.

De réir mar a chuireann fás na heagraíochta agus a feidhmeanna brú ar an mbonn costais, bhíothas ag díriú ar laghdú ar chostais agus luach ar airgead. Chuir cleachtais soláthair go mór le héifeachtúlachtaí agus baineadh leas as comhaontuithe creata a d'eagraigh an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chomh fada agus ab fhéidir.

Cuireann timpeallacht reatha an ráta úis dúshlán i láthair nuair atáthar ag iarraidh an toradh is fearr is féidir a fháil ar chistí na Comhairle. Mar thoradh air sin, tá seirbhísí comhairleacha infheistíochta fostaithe ag an gComhairle chun cuidiú leo an toradh is fearr is féidir a fháil ar chistí ag obair ag an am céanna laistigh de pharaiméadair eiticiúla agus de pharaiméadair eile beartas infheistíochta na Comhairle agus inghlacthacht íseal riosca na Comhairle.

## Acmhainní Daonna

Cheadaigh an Chomhairle Plean Fórsa Saothair (2018 – 2020) de réir threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Thángthas ar an tátal sa phlean, a rinne iniúchadh ar imlonnú agus ar úsáid acmhainní daonna i gcomhthéacs raon feidhmeanna reachtúla na Comhairle, go mbeidh acmhainní foirne breise riachtanach ar mhaithe le príomhfheidhmeanna reachtúla a dhéanamh go héifeachtach. Tar éis athbhreithniú seachtrach cheadaigh an Chomhairle an plean agus cuireadh an plean faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun cead a fháil le 10 gcomhalta foirne breise a earcú.

Thug an Chomhairle faoi dhá chomórtas earcaíochta ar ghráid Oifigeach Cléireachais agus Príomhfheidhmeannaigh agus bunaíodh painéil chun folúntais a líonadh de réir mar a thagann siad chun cinn.

Thug an Chomhairle cuireadh chun tairisceana arís do sholáthar feidhm seirbhísí bainistíochta a chlúdaíonn seirbhísí riaracháin líne tosaigh.

## Ceapachán na Comhairle

- Sa bhliain 2015 comhaontaíodh leis an Aire Oideachais agus Scileanna gur chóir na 37 post ar an gComhairle a líonadh ar bhonn céimnithe. Cuireadh an cur chuige seo i bhfeidhm chun cuidiú le hathrú eagraithe comhaltaí ar an gComhairle agus le comhaltaí a bhfuil taithí mhór acu a choimeád ar an gComhairle i gcónaí. Braitheann feidhmiú gan stró an phróisis seo ar chomhordú cúramach agus tráthúil idir an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Chomhairle agus na comhlachtaí páirtithe leasmhara atá i mbun ainmnithe.
- An 3 Aibreán 2018, tháinig deireadh le téarmaí oifige chomhaltaí ainmnithe a bhí ceaptha faoi Fho-Ailt 8 (a), (b), (c), (d), (e) agus (f) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta. Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna comhaltaí a bhí ag teacht ina n-áit agus a bhí ainmnithe ag comhlachtaí ainmnithe faoi seach ar an gComhairle do théarma ceithre bliana. Is iad seo a leanas na hearnálacha ainmnithe:
- Múinteoirí cláraithe atá ceaptha ag ceardchumann aitheanta de réir fho-ailt 8(a) agus (b) den Acht – 6 chomhalta ainmnithe
- Comhaltaí Ardoideachais atá liostaithe faoi fho-ailt 8(c) agus (d) den Acht – 4 chomhalta ainmnithe
- Eagraíochtaí Aitheanta Bainistíochta Scoile de réir fho-alt 8(e) – 4 chomhalta ainmnithe
- Cumainn Náisiúnta Tuismitheoirí na ndaltaí atá ag freastal ar bhunscoileanna agus ar iarbhunscoileanna – 2 chomhalta ainmnithe de réir alt 8(f).

Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí dhá fholúntas ar an gComhairle – ainmní Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunscoile) agus múinteoir tofa ó Phríomh-Thoghcheantar na Mumhan.

Tá pleanáil ar siúl chun toghchán a reáchtáil do chomhaltaí na múinteoirí i Ráithe 1 de 2020 le cur in áit an chohóirt comhaltaí tofa a dtiocfaidh a téarmaí oifige chun críche i ndeireadh mhí Aibreáin 2020. Beidh a dtéarmaí oifige críochnaithe freisin i mí Aibreáin 2020 ag an cúigear comhalta a bhí ainmnithe ag an Aire.

## Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

Leanadh ag obair ar fheidhmiú Straitéis TF na Comhairle 2015 – 2020. Tá an príomhinfreastruchtúr TF aistrithe go dtí lárionad sonraí seachtrach agus tá na saoráidí i Maigh Nuad á n-úsáid do chríocha cúltaca. Cuirfidh sé seo feabhas ar athshlánú ó thubaiste agus le socruithe leanúnacha gnó.

Cuireadh tús le hobair ar thionscadal straitéiseach le cur in ionad an bhunachair sonraí clárúcháin. Nuair a bheidh an tionscadal seo tugtha chun críche i ndeireadh na bliana 2020, cuirfidh an córas nua treallús faoi éifeachtúlachtaí suntasacha agus spáráil airgid agus beidh seirbhís custaiméirí feabhsaithe mar thoradh air.

## Rialachas corparáideach

Ar feadh na bliana lean an Chomhairle le clár oibre chun comhlíonadh fhorálacha an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) a chinntiú.

Comhaontaíodh Creat Gníomhaireachta Rialachais idir an Chomhairle agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tugann sé sainmhíniú ar róil agus ar fhreagrachtaí an dá pháirtí agus déanann soláthar do ghnéithe straitéiseacha, rialachais agus oibríochta maidir le caidreamh na heagraíochta.

Rinne an Chomhairle forbairt agus chuir Beartas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm le linn na bliana a chuir próiseas bainistíochta riosca ar bhonn foirmiúil agus a chuir feabhas air.

Láidríodh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tráth ar earcaíodh dhá chomhalta sheachtracha a thugann saineolas agus taithí shuntasach ábhartha chun an Choiste.

## Cosaint Sonraí

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018. Cuireann an reachtaíocht nua oibleagáid ar eagraíochtaí a chinntiú nach ndéanfar próiseáil ar shonraí pearsanta ach amháin do chríocha sonraithe agus dlisteanacha agus gur chóir go mbeadh sé teoranta ó thaobh na sonraí atá riachtanach leis na críocha seo a chomhlíonadh. Mar an comhlacht um chaighdeáin ghairmiúla do ghairm na múinteoireachta, fáiltíonn an Chomhairle roimh na caighdeáin nua cosanta sonraí agus leanfaidh an Chomhairle ag glacadh go lándáiríre lena cuid freagrachtaí agus sonraí pearsanta á bpróiseáil aici.

Tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar a cuid cleachtais go léir sa chás go mbíonn úsáid á bhaint as sonraí pearsanta le comhlíonadh iomlán leis a reachtaíocht cosanta sonraí a chinntiú agus mar thoradh air seo tá forbairt déanta ar fheasacht níos fearr i measc chomhaltaí foirne na Comhairle maidir le prionsabail cosanta sonraí agus maidir le sonraí pearsanta a chosaint.

Tugadh Beartas Príobháideachais na Comhairle cothrom le dáta leis an reachtaíocht nua a léiriú agus tá sé seo le fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an mBeartas agus cuirtear nuashonrúcháin i bhfeidhm ar bhonn rialta leis an teanga a bheachtú agus lena léiriú go bhfuil próiseáil á déanamh ar shonraí pearsanta agus go bhfuil sonraí pearsanta á gcoimeád, ag teacht leis na prionsabail atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Tá Beartas Coimeádta na Comhairle tugtha cothrom le dáta agus cuireann sé seo an réasúnaíocht ar fáil ó thaobh sonraí pearsanta a stóráil chun tacú le feidhmeanna agus gníomhaíochtaí na Comhairle agus leagtar amach na creataí ama maidir le taifid a choimeád agus a scriosadh, ag teacht le ceanglais reachtaíochta.

Tá cothabháil á dhéanamh ag an gComhairle ar liosta de na próisis go léir ina bhfuil sonraí pearsanta á n-úsáid agus cuidíonn sé seo lena chinntiú go dtugtar faoi phróiseáil sonraí pearsanta go hinmheánach ag teacht le ceanglais reachtaíochta. Sá chás go mbíonn úsáid á bhaint as lucht próiseála tríú páirtí chun tacú le feidhmeanna na Comhairle, tá socruithe comhroinnte sonraí curtha i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn oibleagáidí curtha ar an lucht próiseála leis na sonraí pearsanta a bhainistiú agus a chosaint ag teacht le tiomantas na Comhairle dá páirtithe leasmhara.

# Aguisíní

**Aguisín 1** Na Ráitis Airgeadais

**Aguisín 2** Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta

**Aguisín 3** Coistí agus painéil

**Aguisín 4** Costais chomhaltaí na Comhairle 2018

# Aguisín 1

# Ráitis Airgeadais na Comhairle Múinteoireachta

**Cathaoirleach:**

Noelle Moran

**Leas-Chathaoirleach:**

Sean McMahon

**Comhaltaí na Comhairle:**

Asiya Al-Tawash
(ceaptha an 19 Aibreán 2018)

Geoffrey Browne
(ceaptha an 19 Aibreán 2018)

Rebecca Byrne
(ceaptha an 19 Aibreán 2018)

Elizabeth Cooney

Michael Delargey

Karen Devine

Brendan Doody
(ceaptha an 2 Deireadh Fómhair 2018)

Catherine Doolan

Niall Duddy

Patricia Duffy

Peter Finnegan

An Dr. Mary Fleming
(chríochnaigh téarma oifige an 3 Aibreán 2018)

Pat Gilmore

Mairéad Glynn

Colm Harte

John Holian

Declan Kelleher
(chríochnaigh téarma oifige an 3 Aibreán 2018)

Ferdia Kelly

Mary Kelly
(ceaptha an 19 Aibreán 2018)

Gregor Kerr

Martin Lally
(d'éirigh as an 1 Deireadh Fómhair 2018)

Gerry Leydon

Máire Lineen

Áine Lynch
(chríochnaigh téarma oifige an 3 Aibreán 2018)

Denis Magner

An Dr. Anthony Malone
(ceaptha an 19 Aibreán 2018)

Claire Markey

An tOll. Marie McLoughlin
(ceaptha an 19 Aibreán 2018)

Paul Mooney
(chríochnaigh téarma oifige an 3 Aibreán 2018)

Seamus Mulconry

An Dr. Melanie Ní Dhuinn
(ceaptha an 19 Aibreán 2018)

Deirdre O'Connor

Séamus O'Connor

An tOll. Pádraig Ó Duibhir
(chríochnaigh téarma oifige an 3 Aibreán 2018)

Seamus Ó Fearraigh

An tOll. Anne O'Gara
(chríochnaigh téarma oifige an 3 Aibreán 2018)

Cathnia Ó Muircheartaigh
(chríochnaigh téarma oifige an 3 Aibreán 2018)

Seán O'Neill

An tOll. Mary O'Sullivan
(chríochnaigh téarma oifige an 3 Aibreán 2018)

Gerry Quinn

Eamonn Shaughnessy

Tracie Tobin

Frank Turpin



**Iniúchóirí**

Anne Brady McQuillans DFK
Cuntasóirí Cairte &
Iniúchóirí Cláraithe
Cúirt Uíbh Eachach
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

**Seoladh Gnó**

Bloc A
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

**Baincéirí**

Banc na hÉireann
An Phríomhshráid
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

Banc AIB plc
An Phríomhshráid
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

**Dlíodóirí**

McDowell Purcell Partnership
Dlíodóirí
Foirgneamh Chéipil
Mainistir Mhuire, Baile Átha Cliath 7

Byrne Wallace
Dlíodóirí
88 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle | 36 - 39 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 40 - 41 |
| Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha | 42 - 43 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 44 |
| An Clár Comhardaithe | 45 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Tirim | 46 |
| Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 47 - 52 |

## Rialachas

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001. Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha amach in alt 7 den Acht seo. Tá an Chomhairle cuntasach don Aire Oideachais agus Scileanna agus tá sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn sí an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh faoi na saincheisteanna gnó go léir. Is é an Stiúrthóir/Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus treoir na Comhairle Múinteoireachta. Ní mór don Stiúrthóir/Príomhfheidhmeannach agus don fhoireann ardbhainistíochta treoir straitéiseach leathan a leanúint atá leagtha síos ag an gComhairle, agus ní mór a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí go léir na Comhairle faoi na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eagraíocht, agus faoi aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Feidhmíonn an Stiúrthóir/Príomhfheidhmeannach mar theagmhálaí díreach idir an Chomhairle agus bainistíocht na Comhairle Múinteoireachta.

## Freagrachtaí na Comhairle

Tá dualgais agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach ina Cód Cleachtais ina bhfuil ábhair a choimeádtar go sonrach le haghaidh chinneadh na Comhairle. Áirítear ar mhíreanna seasta a bhreithníonn an Chomhairle:

- Dearbhú leasanna
- Ceadú miontuairiscí na gcruinnithe roimhe seo
- Tuarascáil an Stiúrthóra
- Tuarascála a fháil agus a bhreithniú ó choistí agus cinntí a dhéanamh sa chás gur cuí
- Ábhair fhorchoimeádta

Ceanglaíonn Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 ar an gComhairle na cuntais go léir chuí agus ghnácha agus taifid uile den airgead a fuarthas agus a caitheadh ar gach maoin, sócmhainn agus dliteanas na Comhairle a choimeád.

Éilítear ar an gComhairle agus na ráitis airgeadais seo a n-ullmhú:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus stuama a dhéanamh
- Na cuntais airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin dá mbeadh sé míchuí a thoimhdiú go leanfadh an eagraíocht leis an ngnó
- A chur in iúl ar leanadh na caighdeáin chuntais infheidhme, faoi réir ag aon athruithe a bhaineann le hábhar a nochtadh agus a mhíniú sna ráitis airgeadais

Tá sé mar fhreagracht ar an gComhairle leabhair chuí chuntais a choimeád a nochtann go réasúnta cruinn, ag tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta agus a chuirfidh ar a cumas a dheimhniú go ndéantar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn agus de réir Dhlí na hÉireann lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Tá an Chomhairle freagrach as cothabháil agus ionracas an eolais chorparáidigh agus airgeadais ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a cheadú.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as na bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin.

Breithníonn an Chomhairle go dtugann ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta léargas fíor agus cothrom d'fheidhmíocht airgeadais agus de staid airgeadais na Comhairle Múinteoireachta amhail an 31 Nollaig 2018.

## Struchtúr na Comhairle

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta déanta suas de 37 gcomhalta deonacha, mar seo a leanas:

- Aon mhúinteoir déag bunscoile (naonúr díobh atá tofa agus beirt díobh atá ainmnithe ag ceardchumainn múinteoirí)
- Aon mhúinteoir déag iarbhunscoile (seachtar díobh atá tofa agus ceathrar díobh atá ainmnithe ag ceardchumainn múinteoirí)
- Beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- Beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- Ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal na bunscoile agus beirt ag leibhéal na hiarbhunscoile)
- Beirt atá ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal na bunscoile agus duine amháin ag leibhéal na hiarbhunscoile) agus
- Cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (lena n-áirítear duine amháin a dhéanann ionadaíocht ar Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus duine amháin a dhéanann ionadaíocht ar Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU).

Faoi láthair níl ach 36 chomhalta ar an gComhairle mar nach bhfuil folúntas amháin líonta go fóill.

Ceaptar comhaltaí ar feadh tréimhse cheithre bliana. Féach ar an eolas faoin gComhairle ag tús na ráitis airgeadais le haghaidh mionsonraí faoin gComhairle reatha.

Tá na Coistí agus Painéil seo a leanas bunaithe ag an gComhairle:

- Coiste Feidhmiúcháin - a éascaíonn feidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil na Comhairle trí ghnó na Comhairle a reáchtáil idir cruinnithe den Chomhairle.
- Coiste Imscrúdaithe - is féidir le duine ar bith iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdaithe ar fhiosrú a dhéanamh maidir le feidhmiúlacht chun múineadh múinteora cláraithe.
- Coiste Araíonachta - déanfaidh painéal den Choiste Araíonachta éisteacht ar ghearán atá curtha ar aghaidh ag an gCoiste Imscrúdaithe chuige a stiúradh.
- Coiste Clárúcháin - a chuireann comhairle ar an gComhairle agus a dhéanann moltaí i ngach réimse a bhaineann le clárú múinteoirí.
- Coiste Oideachais - atá freagrach as moltaí a dhéanamh don Chomhairle ar bheartais a bhaineann le leanúntas oideachais múinteoirí.
- Coiste Airgeadais – a dhéanann maoirseacht ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle.
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca – a dhéanann monatóireacht ar an gcóras um rialú inmheánach laistigh den eagraíocht agus a bhainistíonn riosca.
- Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin - Suíonn an Coiste Clárúcháin mar an Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin i gcásanna ina bhfuil múinteoirí míshásta leis an toradh a bhí ar chinneadh a rinne painéal agus ina n-iarrann siad athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéad chinneadh.
- Painéal Clárúcháin - atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar aon saincheisteanna a bhaineann le clárú múinteoirí, ar nós síneadh ama a bhronnadh orthu siúd a bhfuil clárú coinníollach acu.
- Painéal Fianaise ar Charachtar - a dhéanann measúnú ar an bhfianaise ar charachtar d’iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí leis an gComhairle. Tá an Painéal freagrach freisin as measúnú a dhéanamh ar dhaoine a bheith cuí agus oiriúnach mar chuid den phróiseas athnuachana ar chlárú.
- Painéal Cáilíochtaí - a dhéanann measúnú ar cháilíochtaí gairmiúla na n-iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí.

## Nochtadh atá riachtanach sa Chód Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit ("An Cód"). Tá an nochtadh seo a leanas riachtanach faoin gCód:

### Costais Comhairliúcháin

Clúdaíonn costais comhairliúcháin costais na comhairle seachtraí don bhainistíocht ach ní chlúdaíonn "gnáthfheidhmeanna" seachfhoinsithe.

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 82,876 | 38,248 |
| Riarachán Pinsean | 15,690 | 4,459 |
| Pleanáil Straitéiseach (lena n-áirítear, Straitéis TF) | 8,312 | 19,188 |
| Soláthar | 3,659 | 5,151 |
| Rialú Inmheánach & iniúchadh Inmheánach | 9,504 | 4,513 |
| Cumarsáid | 79,229 | 76,440 |
| TFC | 37,714 | 22,413 |
| Acmhainní Daonna | 22,464 | - |
| Bainistíocht Tionscadal (Tionscadal athsholáthar Bunachar Sonraí Clárúcháin) | 52,250 | - |
| | 311,698 | 170,412 |

### Costais Dlí Eile

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Costais Dlí – Clárúcháin | 231,347 | 174,709 |
| Costais Dlí – Caighdeáin Ghairmiúla | 381,122 | 476,401 |
| | 612,469 | 651,110 |

### Caiteachas Taistil & Cothabhála

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| - Comhaltaí na Comhairle | 137,381 | 128,751 |
| - Comhaltaí Foirne | 58,992 | 44,211 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| - Comhaltaí na Comhairle | 988 | 2,639 |
| - Comhaltaí Foirne | 13,027 | 11,712 |
| | 210,388 | 187,313 |

Caiteachas Fáilteachais

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Leas Comhaltaí Foirne | 6,583 | 1,885 |

Sa bhliain 2018 cuireadh scagthástáil ó thaobh sláinte ar fáil do chomhaltaí foirne na Comhairle.

## Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Tá an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (2016) glactha ag an gComhairle agus táthar ag cur nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh iomlán a chinntiú sa bhliain 2019. Le linn na bliana 2017, thug an Chomhairle faoi anailís bhearna leis na réimsí nach mór aghaidh a thabhairt orthu a aithint. Tugadh aghaidh ar a bhformhór seo sa bhliain 2018. Áirítear ar na príomhréimsí a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu fós:

- Athbhreithniú na Comhairle ar éifeachtúlacht a chomhlánú
- Riachtanais seirbhíse do chustaiméirí

## Forbairtí Amach Anseo

Tá sé beartaithe ag an gComhairle leanúint lena chuid gníomhaíochtaí reatha. Chuir an Chomhairle tús le próiseas forbartha le haghaidh Cosán, an chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí, atá le tabhairt chun críche sa bhliain 2020.

## Leabhair Chuntais

Tá an Chomhairle freagrach, de réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, as leabhair chuí chuntais a choimeád a chuirfidh eolas réasúnta cruinn a fháil ag tráth ar bith, maidir le staid airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin. Déantar leabhair chuntais na Comhairle Múinteoireachta a chothabháil ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara.

## Iniúchóirí

Tá sé curtha in iúl ag na hiniúchóirí, Anne Brady McQuillans DFK, go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh mar iniúchóirí.

## Imeachtaí i ndiaidh Dháta an Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon imthosca ann ná níor tharla aon imeachtaí i ndiaidh dheireadh na bliana a fhágann gur gá na ráitis airgeadais nó na nótaí a ghabhann leo a choigeartú, nó gur gá iad a nochtadh sna ráitis nó sna nótaí sin.

Thar ceann na Comhairle

**Noelle Moran**
*Cathaoirleach*

**Tomás Ó Ruairc**
*Stiúrthóir*

Dáta: 20 Bealtaine 2019

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Scóip Freagrachta

Thar ceann na Comhairle Múinteoireachta, aithním an fhreagracht atá orainn as a dheimhniú go ndéantar córas éifeachtúil maidir le rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a chur i bhfeidhm.

## Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha le riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go bhfuil cosc á cur ar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó iad a bhrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach, atá i gcomhréir leis an Treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí dáta ceadaithe na ráitis airgeadais.

## An Cumas Riosca a Láimhseáil

Le linn na bliana 2018, bhí Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar a raibh cúigear comhalta de chuid na Comhairle. Tá beirt chomhaltaí seachtracha ceaptha ag an gComhairle anois ar a Coiste Iniúchóireachta agus Riosca chun cur le scileanna agus le taithí ábhartha breise an Choiste. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire sa bhliain 2018.

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta a feidhm iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinsiú a mbíonn acmhainní sásúla aige agus a reáchtálann clár oibre atá comhaontaithe leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá forbairt déanta ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar Bheartas Bainistíochta Riosca ina leagtar amach inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus mionsonraí róil agus freagrachtaí na foirne i leith riosca.

## Creat um Riosca agus Rialú

Tá clár bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí atá á nglacadh ag an mbainistíocht le haghaidh a thabhairt chomh maith agus is féidir ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá i ndán don Chomhairle Mhúinteoireachta agus rinneadh iad seo a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir chomh tábhachtach agus atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an gclár agus tugtar cothrom le dáta é ar bhonn ráithiúil. Baintear leas as toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí ar an gclár riosca de na rialuithe agus gníomhartha atá ag teastáil le rioscaí a mhaolú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá taifeadadh déanta de na nósanna imeachta do na príomhphróisis gnó uile
- Tá freagrachtaí airgeadais leagtha síos ag an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- Tá córas cuimsitheach pleanála agus buiséadach i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú ar na nósanna caiteachais ar bhonn míosúil

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear treoracha airgeadais agus nótaí faoi nósanna imeachta, cleachtais tarmligin cosúil le huasteorainneacha údarú arna gceadú ag an gComhairle agus dualgais a bhaineann le híocaíochtaí a phróiseáil a choinneáil deighilte ó dhualgais a bhaineann le híocaíochtaí a cheadú
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní fisiciúla agus ionracas na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chosaint

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus ar easnaimh rialaithe agus cuirtear iad in iúl go pras dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Chomhairle, más cuí. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus cuireadh na próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus le tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh atá aitheanta
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais leagtha síos agus
- Rinne an ardbhainistíocht athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht mhíosúil agus bhliantúil agus ar thuairiscí airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht i gcoinne an bhuiséid

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta leis an gcomhlíonadh rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chinntiú agus gur chloígh an Chomhairle Mhúinteoireachta leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana 2018.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gComhairle Mhúinteoireachta le monatóireacht a dhéanamh ar a bainistíocht riosca agus nósanna imeachta um rialú. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an ardbhainistíocht laistigh den Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú airgeadais inmheánach, le monatóireacht agus athbhreithniú na Comhairle Múinteoireachta ar éifeachtacht an chórais maidir le rialú airgeadais inmheánach.

Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2018.

## Saincheisteanna um Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2018 a d'éileodh nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann na Comhairle

**Noelle Moran**
*Cathaoirleach*

Dáta: 20 Bealtaine 2019

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha ar iniúchadh na ráitis airgeadais

## An Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 a chuimsíonn Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Tirim agus na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear, achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha atá leagtha amach i nóta 1. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná an creat a bhfuil glactha leis i ndlí na hÉireann agus FRS 102 "na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann"

Inár dtuairim tugann na ráitis airgeadais léargas:

- fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na heagraíochta amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar a cuid torthaí don bhliain dar críoch an lá sin;
- go bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir FRS 102 "na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann"; agus
- go bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir cheanglais Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001.

## Bunús na Tuairime

Rinneamar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) (Éire) agus an dlí is infheidhme. Déantar tuilleadh cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin seo i bhfreagrachtaí an Iniúchóra as iniúchadh a dhéanamh ar chuid na ráiteas airgeadais den tuarascáil. Táimid neamhspleách ar an gComhairle de réir ceanglais eiticiúla atá ábhartha ó thaobh ár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear, an Caighdeán Eiticiúil atá eisithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta in Éirinn (IAASA), agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile á gcomhlíonadh againn de réir na gceanglas seo. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí le bunús ár dtuairime a sholáthar.

## Conclúidí maidir le gnóthas leantach

Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na hábhair seo a leanas a bhfuil dualgas orainn de réir CII (Éire) iad a thuairisciú duit, sa chás

- nach bhfuil úsáid bonn gnóthas leantach cuntasaíochta comhaltaí na Comhairle in ullmhú na ráiteas airgeadais cuí; nó
- níl aon neamhchinnteachtaí aitheanta nochta ag comhaltaí na Comhairle sna ráitis airgeadais a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas na Comhairle leanúint le bonn gnóthas leantach a ghlacadh ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar údaraíodh na ráitis airgeadais a eisiúint.

## Eolas eile

Tá comhaltaí na Comhairle freagrach as an eolas eile. Cuimsíonn eolas eile, eolas atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil lasmuigh de na ráitis airgeadais agus de Thuarascáil an Iniúchóra. Inár dtuairim ní chlúdaíonn an t-eolas eile agus, seachas sa mhéid go luaitear go follasach é inár dtuarascáil, ní léirímid aon chineál conclúid dearbhaithe maidir leis sin.

Maidir le hiniúchadh na ráiteas airgeadais, tá sé mar fhreagracht orainn an t-eolas eile a léamh, agus sin á dhéanamh againn, breithniú a dhéanamh cibé a bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó maidir leis an eolas atá faighte againn san iniúchadh, nó seachas sin go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha nó míráitis ábhartha den sórt sin, ceanglaítear orainn cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha maidir leis an eolas eile. Má, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go dtagaimid ar an gcinneadh go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist leis an eolas eile sin, ceanglaítear orainn é sin a thuairisciú. Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis sin.

## Ábhair a thuairiscítear trí eisceacht

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint ar an gComhairle agus ar a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon mhíráitis ábhartha aitheanta againn sa Ráiteas Rialachais nó i dTuarascáil Chomhaltaí na Comhairle.

## Freagrachtaí ar leith

### Freagrachtaí chomhaltaí na Comhairle as na Ráitis Airgeadais

Mar a mhínítear níos mionsonraithe sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí na Comhairle, tá comhaltaí na Comhairle freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugann siad tuairim atá fíor agus cothrom agus as rialú inmheánach den sórt sin a mheasann siad a bheith riachtanach leis an gcumas a chur ar fáil ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá comhaltaí na Comhairle freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Comhairle leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, mar is infheidhme, ábhair a bhaineann leis an ngnóthas leantach agus úsáid a bhaint as bonn gnóthas leantach cuntasaíochta mura mbíonn sé i gceist ag an mbainistíocht an Chomhairle a leachtú nó scoir de bheith ag feidhmiú nó nach bhfuil aon rogha eile ann ach é sin a dhéanamh.

### Freagrachtaí na n-iniúchóirí as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais

Tá dearbhú réasúnach a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaois nó mar gheall ar earráid, agus Tuarascáil an Iniúchóra a eisiúint, ina n-áirítear ár dtuairim, ar na cuspóirí atá againn. Is ionann dearbhú réasúnach agus dearbhú ardleibhéil, ach ní ionann é agus ráthaíocht go mbeidh míráiteas ábhartha á bhrath i gcónaí ag iniúchadh a dhéantar de réir CII (Éire) sa chás go mbíonn a leithéid ann. D'fhéadfadh míráitis eascairt as calaois nó as earráid agus breithnítear iad a bheith ábhartha má, go haonar nó go comhiomlán, agus go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a thógtar ar bhonn na ráitis airgeadais seo.

Tá tuilleadh cur síos maidir lenár bhfreagrachtaí i leith iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ag láithreán gréasáin an IAAS ag: <www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description of auditors responsibilities for audit.pdf.> Tá an cur síos mar chuid de Thuarascáil an Iniúchóra.

### An cuspóir atá leis an obair iniúchta agus cé dó a bhfuilimid freagrach

Cuirtear an tuarascáil seo faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle, mar chomhlacht, de réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001. Tugadh faoin obair iniúchóireachta le gur féidir na nithe is gá a lua do na comhaltaí a chur in iúl dóibh i dTuarascáil an iniúchóra agus ní ar mhaithe le haon chríocha eile. A mhéad is mó a cheadaítear de réir an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghéillimid freagracht i leith aon duine seachas an eagraíocht agus comhaltaí na Comhairle, mar chomhlacht, as an obair iniúchóireachta, as an tuairisc seo nó as an tuairim a thugaimid.

**Natalie Kelly**
do agus thar ceann
**Anne Brady McQuillans DFK**
**Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe**
**Cúirt Uíbh Eachach**
**Bóthar Fhearchair**
**Baile Átha Cliath 2**
Dáta: 20 Bealtaine 2019

| | Nótaí | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Táillí Clárúcháin agus Measúnaithe | | 6,927,015 | 6,696,862 |
| **Ioncam Iomlán** | **2** | 6,927,015 | 6,696,862 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Chóiríochta | | (114,114) | (117,758) |
| Costais Foirne | | (3,909,111) | (3,740,928) |
| Costais Chaighdeáin Ghairmiúla | | (409,705) | (498,488) |
| Costais Riaracháin Eile | | (1,083,689) | (881,026) |
| Costais Chúrsaí, Chomhdhálacha agus Chruinnithe | | (181,699) | (172,722) |
| Costais Chlárúcháin agus Fíorúcháin | | (168,646) | (96,641) |
| Costais Teicneolaíochta Faisnéise | | (293,912) | (301,816) |
| Costais Chumarsáide agus Oideachais | | (955,949) | (682,170) |
| Dímheas | **7** | (365,527) | (392,563) |
| **Caiteachas Iomlán** | | (7,482,352) | (6,884,112) |
| **Easnamh ar Ghnáthghníomhaíochtaí** | | (555,337) | (187,250) |
| Ús infhaighte agus ioncam dá shamhail | | 21,775 | 29,910 |
| Ioncam Cíosa ar Mhaoin | | 189,184 | 189,184 |
| Costais Bhainistíochta ar Mhaoin | | (44,033) | (44,900) |
| **Easnamh roimh chánachas** | **3** | (388,411) | (13,056) |
| Cánachas | **6** | (9,329) | (13,037) |
| **Easnamh tar éis cánachas** | | (397,740) | (26,093) |

Níl aon bharrachas ná easnamh aitheanta seachas an toradh do na tréimhsí airgeadais thuasluaite. Gineadh toradh na bliana go hiomlán as gnóthaí leantacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais iad na nótaí ar leathanaigh 15 go dtí 23.

Ceadaigh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 20 Bealtaine 2019 agus síníodh iad thar ceann na Comhairle:

**Noelle Moran**
*Cathaoirleach*

**Tomás Ó Ruairc**
*Stiúrthóir*

# An Clár Comhardaithe

amhail an 31 Nollaig 2018

| | | 2018 | | 2017 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € | € | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | **7** | | 4,434,150 | | 4,779,991 |
| | | | 4,434,150 | | 4,779,991 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infháltais agus Réamhíocaíochtaí | **8** | 30,982 | | 10,457 | |
| Airgead tirim agus Coibhéis airgead tirim | | 13,097,480 | | 13,122,865 | |
| | | 13,128,462 | | 13,133,322 | |
| **Dliteanais reatha: Suimeanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin** | **9** | (188,367) | | (141,328) | |
| **Glan sócmhainní Reatha** | | | 12,940,095 | | 12,991,994 |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide** | | | | | |
| **Dliteanais Reatha** | | | 17,374,245 | | 17,771,985 |
| **Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste ainmnithe | **10** | | 4,000,000 | | 4,000,000 |
| Cúlchistí Ginearálta | **10** | | 13,374,245 | | 13,771,985 |
| **Iomlán na gCistí** | | | 17,374,245 | | 17,771,985 |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad na nótaí ar leathanaigh 15 go dtí 23.

Cheadaigh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 20 Bealtaine 2019 agus síníodh iad thar ceann na Comhairle

**Noelle Moran**
*Cathaoirleach*

**Tomás Ó Ruairc**
*Stiúrthóir*

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgead Tirim

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|---|
| **Easnamh oibriúcháin a réiteach le glan-insreabhadh airgid tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Easnamh oibriúcháin (roimh ús atá faighte) | | (410,186) | (42,966) |
| Dímheas | **3** | 365,527 | 392,563 |
| (Méadú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe | **8** | (20,525) | 340 |
| Méadú ar chreidiúnaithe | **9** | 47,039 | 24,143 |
| **Glansreabhadh airgid tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | (18,145) | 374,080 |
| **Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Tirim** | | | |
| Glansreabhadh airgid tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | (18,145) | 374,080 |
| Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas | **12** | 21,775 | 29,910 |
| Cánachas | **12** | (9,329) | (13,037) |
| Caiteachas Caipitiúil | **12** | (19,686) | (115,047) |
| **(Laghdú)/Méadú ar airgead tirim sa bhliain** | | (25,385) | 275,906 |
| **Glansreabhadh airgid tirim a réiteach le gluaiseachtaí i nglanchistí (Nóta 13)** | | | |
| (Laghdú)/Méadú ar airgead tirim sa bhliain | | (25,385) | 275,906 |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir 2018 | | 13,122,865 | 12,846,959 |
| **Glanchistí amhail an Nollaig 2018 13** | | 13,097,480 | 13,122,865 |

Cheadaigh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 20 Bealtaine 2019 agus síníodh iad thar ceann na Comhairle:

**Noelle Moran**
*Cathaoirleach*

**Tomás Ó Ruairc**
*Stiúrthóir*

## 1. Beartais Chuntasaíochta

### 1.1. Beartais Chuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus reacht na hÉireann (lena n-áirítear, FRS102). Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú ina dtugtar léargas fíor cothrom, na caighdeáin arna bhfoilsiú ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

### 1.2. Ioncam

Cuimsíonn ioncam táillí clárúcháin agus measúnaithe a fuarthas le linn na bliana. Tugtar cuntas ar na táillí uile is infhaighte ar bhonn fáltais, seachas ar an ioncam ón athbhreithniú agus creidiúnú ar chláir d'oideachas tosaigh múinteoirí atá ar bhonn sonraisc. Cláraíonn na múinteoirí le linn na bliana agus maireann an clárú seo ar feadh 12 mhí. Ní dhéantar an t-ioncam a iarchur chun é seo a léiriú. Sa bhliain 2014 cheannaigh an Chomhairle Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad agus tá ioncam cíosa á fháil aici ó thionóntaí an fhoirgnimh. Tá sé seo curtha san áireamh faoi "Ioncam Cíosa ar Mhaoin" sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### 1.3. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear na sócmhainní seasta inláimhsithe de réir a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha.

Déantar na sócmhainní seasta inláimhsithe go léir a dhímheas ar rátaí arna ríomh chun costas nó luacháil gach sócmhainne, lúide an luach iarmharach measta, a dhíscríobh go córasach ar feadh a saolré ionchais úsáideach, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Áitreabh | -2.5% de réir méid cothrom |
| Daingneáin agus Feistis | -10% de réir méid cothrom |
| Bogearraí Ríomhaireachta | -20% de réir méid cothrom |
| Trealamh Ríomhaireachta | -33.33% de réir méid cothrom |

Déantar luachanna anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú gach bliain le haghaidh laghdú i dtréimhsí más rud é go dtugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhfuil an dóigh ann nach mbeidh an luach anonn in-aisghabhála.

### 1.4. Pinsin

Feidhmíonn an Chomhairle scéim pinsin sochar sainithe d'fhormhór a cuid fostaithe. Tá an scéim bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí agus ceadaithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna agus ag an Aire Airgeadais. Tá na sochair phinsin atá iníoctha faoin scéim a maoiniú ag an Státchiste.

Chomh maith leis sin, tá líon saintréithe sonracha ag socruithe na Comhairle:

- íocann an Chomhairle ranníocaíocht comhaontaithe leis an Roinn Oideachais agus Scileanna
- cuimsíonn an ranníocaíocht mír fostaí chomh maith le mír fostóra. De réir beartais rialtais ar phinsin na hearnála poiblí, is ionann ranníocaíocht an fhostóra agus 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta A agus 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta D.
- tá tiomantas follasach ón Roinn Oideachais agus Scileanna le comhaontú na Roinne Airgeadais go n-íocfar costais na sochar as an Státchiste de réir mar a bhíonn siad dlite.

Thug Acht Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair nua ("Scéim Aonair") isteach a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2013. Tá fostaithe nua go léir na Comhairle Mhúinteoireachta, ar iontrálaithe nua chun na hearnála poiblí iad ar, nó ón 1 Eanáir 2013 ina gcomhaltaí den Scéim Aonair.

Breithníonn an Chomhairle go bhfuil an tionchar airgeadais céanna ag na socruithe pinsin thuas ó thaobh na Comhairle de agus a bheadh ag scéim phinsin le ranníocaíocht shainithe. Tá an Chomhairle den tuairim nach bhfuil forálacha FRS 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a bhíonn i gceist i gcás scéimeanna le sochair shainithe, cuí dá cuid imthosca. Dá réir sin, déantar a ranníocaíocht a chuntas amhail is dá mba scéim le ranníocaíocht shainithe í.

### 1.5. Cánachas

Bunaítear an muirear bliantúil ar ús ar thaiscí don bhliain agus déantar é a ríomh agus tagairt á dhéanamh den ráta cánach atá i bhfeidhm ar an dáta a bhfaightear an t-ús.

### 1.6. Cúlchistí ainmnithe

Tá cinneadh déanta ag an gComhairle, go bhféadfaidh sí, de réir a lán-rogha féin, suimeanna airgid gan teorainn a chur ar leataobh do chríocha ainmnithe amach anseo. Sa chás nach mbeidh gá níos mó leis na cistí seo, cuirfear ar ais sa Chúlchiste Ginearálta iad.

## 2. Ioncam

Tháinig ioncam go léir na heagraíochta don bhliain as na príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu go hiomlán in Éirinn.

## 3. Easnamh Oibriúcháin

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Luaitear easnamh oibriúcháin i ndiaidh na nithe seo a leanas a mhuirearú: | | |
| Dímheas | 365,527 | 392,563 |

## 4. Líon Foirne agus Luach Saothair

| Costais Foirne | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 2,065,534 | 1,895,507 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | 175,960 | 166,230 |
| Costais Pinsean | 445,106 | 427,955 |
| Costas Seirbhísí Bainistithe & Foirne Gníomhaireachta | 1,113,544 | 1,150,105 |
| Costais Oiliúna agus Leas | 98,532 | 95,944 |
| Costais foirne eile | 10,435 | 5,187 |
| | 3,909,111 | 3,740,928 |

| (a) Sochair Chomhiomlán na bhfostaithe | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 2,065,534 | 1,895,507 |
| Costais sochair dul ar scor | 445,106 | 427,955 |
| Ranníocaíocht an fhostóra ar an leas sóisialach | 175,960 | 166,230 |
| | 2,686,600 | 2,489,692 |

B’ionann líon iomlán na gcomhaltaí foirne a bhí fostaithe (CL) ag deireadh na bliana agus 43.6 (2017: 41.2)

| (b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Bunphá | 2,050,426 | 1,876,745 |
| Ragobair | 4,739 | 10,692 |
| Liúntais | 10,369 | 8,070 |
| | 2,065,534 | 1,895,507 |

### (c) Príomhphearsanra Bainistíochta

Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta sa Chomhairle Mhúinteoireachta, Stiúrthóir/ Príomhfheidhmeannach, Leas-Stiúrthóir, Ceannasaí Fhoghlaim agus Thaighde na Múinteoirí, Ceannasaí Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus Ionduchtúcháin, Ceannasaí Clárúcháin, Ceannasaí Caighdeán Ghairmiúla agus Ceannasaí Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha. Tá luach iomlán shochair fostaithe don phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal | 598,979 | 522,694 |
| Liúntais | - | - |
| | 598,979 | 522,694 |

Ní chlúdaítear anseo luach na sochar dul ar scor a thuilleadh sa tréimhse seo. Is comhaltaí de scéim phinsin na Comhairle Múinteoireachta iad na príomhphearsa bainistíochta (seachas an Stiúrthóir/Príomhfheidhmeannach) agus ní théann a gcuid teidlíochtaí maidir leis sin thar théarmaí na samhla de scéim pinsin na seirbhíse poiblí.

Ní fhaigheann comhaltaí na Comhairle aon luach saothair as ucht a gcuid oibre thar ceann na Comhairle.

### (d) Tuarastal agus Sochair an Stiúrthóra/Príomhfheidhmeannach

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | 105,226 | 100,006 |
| Sochair eile | - | - |
| | 105,226 | 100,006 |

Tá an Stiúrthóir/Príomhfheidhmeannach ar iasacht don Chomhairle Mhúinteoireachta ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus is comhalta de scéim pinsin na Roinne sin é. Ní théann a chuid teidlíochtaí maidir leis sin thar an tsamhail de scéim pinsin na seirbhíse poiblí. Níl luach na sochar dul ar scor a tuilleadh sa tréimhse curtha san áireamh thuas.

### (e) Briseadh Síos Shochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bannaí seo a leanas:

| Raon | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go dtí | 2018 | 2017 |
| € 60,000 | € 69,999 | 2 | 3 |
| € 70,000 | € 79,999 | 3 | 1 |
| € 80,000 | € 89,999 | 2 | 2 |
| € 90,000 | € 99,999 | 0 | 1 |
| €100,000 | €109,999 | 2 | 1 |

## 5. Costais Pinsean

Léiríonn an costas pinsean na ranníocaíochtaí atá iníoctha ag an gComhairle leis an gciste pinsean.

## 6. Cánachas

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Cánachas na bliana reatha** | | |
| DIRT | 9,329 | 13,037 |

Déantar Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a leasú in Alt 37 den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2013 chun an Chomhairle Mhúinteoireachta a áireamh sa liosta de chomhlachtaí sonraithe neamhthráchtála atá urraithe ag an Stát agus a cháilíonn do dhíolúine ó fhorálacha áirithe cánach faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. De réir an ailt sin, tá ioncam áirithe a eascraíonn agus ab inmhuirir i leith cáin faoi Chás III, IV, agus V de Sceideal D mura mbeadh an t-alt sin ann, faoi dhíolúine ó cháin ioncaim. Bíonn ús taisce faoi réir cáin choinneála ar ús taisce (DIRT) i gcónaí.

## 7. Sócmhainní Seasta

| | Áitreabh | Daingneáin & Feistis | Bogearraí Ríomhaireachta | Trealamh Ríomhaireachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 3,691,937 | 1,598,321 | 614,784 | 600,564 | 6,505,606 |
| Breiseanna | - | 6,598 | - | 13,088 | 19,686 |
| Diúscairtí | - | (57,493) | - | (25,858) | (83,351) |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 3,691,937 | 1,547,426 | 614,784 | 587,794 | 6,441,941 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 276,894 | 473,437 | 484,132 | 491,152 | 1,725,615 |
| Ar dhiúscairtí | - | (57,493) | - | (25,858) | (83,351) |
| Muirear don bhliain | 92,298 | 154,715 | 63,243 | 55,271 | 365,527 |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 369,192 | 570,659 | 547,375 | 520,565 | 2,007,791 |
| **Glanluachanna leabhar** | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 3,322,745 | 976,767 | 67,409 | 67,229 | 4,434,150 |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 3,415,043 | 1,124,884 | 130,652 | 109,412 | 4,779,991 |

## 8. Infháltais agus Réamhíocaíochtaí

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Infháltais eile | 30,982 | 7,020 |
| Ioncam fabhraithe | - | 3,437 |
| | 30,982 | 10,457 |

Cuimsíonn an figiúr maidir le hinfháltais eile an rannaíocht atá dlite ó pháirtí seachtrach i leith costais taighde, asbhaintí maidir leis Scéim na Rothar chun na hOibre, agus táillí atá infhaighte maidir leis an gComhdháil Folláine do Mhúinteoirí agus d’Fhoghlaimeoirí.

## 9. Iníocaíochtaí: Suimeanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Cánacha eile agus costais slándála sóisialaí | 448 | - |
| Fabhruithe | 187,919 | 141,328 |
| | 188,367 | 141,328 |

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| San áireamh sna cánacha eile agus sna costais slándála sóisialaí: | | |
| RCT | 448 | - |
| | 448 | - |

## 10. Cúlchistí

| | Cúlchiste Ginearálta<br>€ | Cúlchiste Ainmnithe<br>€ | Iomlán<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Cúlchistí tosaigh** | 13,771,985 | 4,000,000 | 17,771,985 |
| Easnamh don bhliain | (397,740) | - | (397,740) |
| **Cúlchistí Deiridh** | 13,374,245 | 4,000,000 | 17,374,245 |

De réir straitéis airgeadais na Comhairle, bunaíodh na cúlchistí ainmnithe mar chiste teagmhais chun aon chostas mór a ghlanadh a d'fhéadfadh eascairt as agóidí dlí a bheith tugtha in aghaidh aon chuid de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 go dtí 2015 agus as aon rialú de chuid na Comhairle. De réir bheartas cuntasaíochta na Comhairle, i gcás nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa Chúlchiste Ginearálta iad.

## 11. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

De réir na nAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 go dtí 2015, tá comhaltaí na Comhairle i dteideal aisíocaíocht a fháil i leith na gcostas a thabhaíonn siad de riachtanas agus iad i mbun obair na Comhairle nó i mbun obair Choistí na Comhairle. Ní mór do na comhaltaí, ar múinteoirí iad, a gclárú a athnuachan gach bliain chomh maith. Déantar na hidirbhearta uile ar bhonn neamhthuilleamaí agus tá siad san áireamh sna ráitis airgeadais seo.

## 12. Ollsreafaí Airgid Tirim

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| **Torthaí ar Infheistíochtaí agus Fónamh a Dhéanamh ar Airgeadas** | | |
| Ús faighte | 21,775 | 29,910 |
| **Cánachas** | | |
| DIRT | (9,329) | (13,037) |
| **Caiteachas Caipitiúil agus Infheistíocht Airgeadais** | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a fháil | (19,686) | (115,047) |

## 13. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí

| | Iarmhéid Tosaigh | Sreafaí Airgead Tirim | Iarmhéid Deiridh |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 13,122,865 | (25,385) | 13,097,480 |
| Glanchistí | 13,122,865 | (25,385) | 13,097,480 |

## 14. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 20 Bealtaine 2019 agus síníodh iad thar ceann na Comhairle

**Noelle Moran**
*Cathaoirleach*

**Tomás Ó Ruairc**
*Stiúrthóir*

# Aguisín 2
# Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta

Cuimsíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta 37 gcomhalta deonach, mar a leanas:

- 11 mhúinteoir bunscoile (naonúr atá tofa agus beirt atá ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- 11 mhúinteoir iarbhunscoile (seachtar atá tofa agus ceathrar atá ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal na bunscoile agus beirt ag leibhéal na hiarbhunscoile)
- beirt atá ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal na bunscoile agus duine amháin ag leibhéal na hiarbhunscoile) agus
- cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (lena n-áirítear duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do IBEC agus duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do ICTU).

Tháinig an Chomhairle le chéile ar 11 ócáid le linn na bliana agus taispeántar freastail gach aon chomhalta sa tábla thíos:

| | |
|---|---|
| Asiya Al-Tawash | 8 |
| Geoffrey Browne | 8 |
| Rebecca Byrne | 9 |
| Elizabeth Cooney | 11 |
| Michael Delargey | 8 |
| Karen Devine | 4 |
| Brendan Doody* | 2 |
| Catherine Doolan | 8 |
| Niall Duddy | 11 |
| Patricia Duffy | 2 |
| Peter Finnegan | 5 |
| Pat Gilmore | 6 |
| Mairéad Glynn | 7 |
| Colm Harte | 10 |
| John Holian | 9 |
| Ferdia Kelly | 5 |
| Mary Kelly | 6 |
| Gregor Kerr | 10 |
| Martin Lally* | 5 |

| | |
|---|---|
| Gerry Leydon | 10 |
| Maire Lineen | 11 |
| Denis Magner | 8 |
| An Dr Anthony Malone | 5 |
| Claire Markey | 10 |
| An tOll. Marie McLoughlin | 7 |
| Sean McMahon (Leas-chathaoirleach) | 9 |
| Noelle Moran (Cathaoirleach) | 11 |
| Seamus Mulconry | 4 |
| An Dr Melanie Ni Dhuinn | 8 |
| Seamus Ó Fearraigh | 10 |
| Deirdre O'Connor | 10 |
| Séamus O'Connor | 9 |
| Seán O'Neill | 6 |
| Gerry Quinn | 6 |
| Eamonn Shaughnessy | 10 |
| Tracie Tobin | 10 |
| Frank Turpin | 4 |

**Tháinig Brendan Doody in áit Martin Lally le linn na bliana tuairiscithe.*

# Aguisín 3
# Coistí agus Painéil

Tá líon coistí agus painéal bunaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta lena cuid oibre a éascú.

## An Coiste Feidhmiúcháin

Déanann an Coiste Feidhmiúcháin feidhmiú éifeachtúil éifeachtach na Comhairle a éascú trí ghnó na Comhairle a stiúradh idir cruinnithe ginearálta.

Tháinig an Coiste, a chuimsíonn 11 comhalta, le chéile ar 11 ócáid le linn na bliana tuairiscithe. Tá an freastal ar na cruinnithe seo leagtha amach thíos:

| | |
|---|---|
| Geoffrey Browne** | 4 |
| Brendan Doody* | 1 |
| Mairéad Glynn | 7 |
| John Holian | 10 |
| Ferdia Kelly** | 1 |
| Mary Kelly | 6 |
| Martin Lally* | 4 |
| Maire Lineen | 10 |
| Sean McMahon | 7 |
| Noelle Moran (Cathaoirleach) | 11 |
| Deirdre O'Connor | 8 |
| Gerry Quinn | 8 |
| Frank Turpin | 5 |

**Tháinig Brendan Doody in áit Martin Lally le linn na bliana tuairiscithe.*
***Tháinig Geoffrey Browne in áit Ferdia Kelly le linn na bliana tuairiscithe.*

## An Coiste Imscrúdaithe

Féadfaidh duine ar bith gearán a dhéanamh leis an gCoiste Imscrúdaithe maidir le múinteoir cláraithe. Tháinig an Coiste, a chuimsíonn 11 comhalta, le chéile ocht n-uaire le linn na bliana tuairiscithe. Tá an fhreastal ar na cruinnithe seo leagtha amach thíos:

| | |
|---|---|
| Geoffrey Browne | 6 |
| Michael Delargey | 4 |
| Karen Devine | 7 |
| Catherine Doolan | 8 |
| Niall Duddy | 8 |
| Mairéad Glynn* | 5 |
| Ferdia Kelly | 6 |
| Seán McMahon (Cathaoirleach) | 7 |
| Séamus Mulconry | 2 |
| Séamus Ó Fearraigh | 8 |
| John Holian** | 4 |
| Gerry Quinn** | 1 |

** Bhí Mairéad Glynn ar shaoire mháithreachais le linn na bliana tuairiscithe.*
***Tháinig John Holian mar chomhalta ar an gCoiste Imscrúdaithe in áit Gerry Quinn le linn na bliana tuairiscithe.*

## An Coiste Araíonachta

Mar thoradh ar ghearáin a fhaigheann an Chomhairle Mhúinteoireachta maidir le múinteoirí cláraithe is féidir ar deireadh go reáchtálfadh painéal den Choiste Araíonachta fiosrúchán maidir le feidhmiúlacht múinteora chun múineadh.

D'fhéadfadh an Coiste Imscrúdaithe gearán a chur ar aghaidh chuig an gCoiste Araíonachta le haghaidh fiosrúcháin.

Tháinig an Coiste, a chuimsíonn 13 chomhalta (tá folúntas le líonadh go fóill), le chéile ar cheithre ócáid le linn na bliana. Tá an freastal ar na cruinnithe seo leagtha amach thíos.

| | |
|---|---|
| Rebecca Byrne * | 4 |
| Elizabeth Cooney | 3 |
| Patricia Duffy | 3 |
| Pat Gilmore | 3 |
| Gerry Leydon | 4 |
| Denis Magner (Cathaoirleach) | 3 |
| Claire Markey | 4 |
| Melanie Ní Dhuinn | 4 |
| Seán O'Neill | 4 |
| Eamonn Shaughnessy | 4 |
| Tracie Tobin | 2 |
| Frank Turpin | 3 |

**D'éirigh Rebecca Byrne as an gComhairle mí na Nollag 2018.*

## An Coiste Clárúcháin

Cuireann an Coiste Clárúcháin comhairle ar an gComhairle agus tugann sé moltaí di faoi gach réimse a bhaineann le múinteoirí a chlárú.

Tháinig an Coiste, a chuimsíonn 13 comhalta, le chéile ar cheithre ócáid le linn na bliana. Tá an freastal ar na cruinnithe seo leagtha amach thíos.

| | |
|---|---|
| Asiya Al-Tawash | 4 |
| Brendan Doody* | 2 |
| Niall Duddy | 4 |
| Pat Gilmore | 3 |
| Mairéad Glynn (Cathaoirleach) | 4 |
| Colm Harte | 4 |
| John Holian | 4 |
| Gregor Kerr | 2 |
| Martin Lally* | 2 |
| Gerry Leydon | 4 |
| An Dr Anthony Malone | 4 |
| An tOll. Marie McLoughlin | 3 |
| Seamus Ó Fearraigh | 4 |
| Eamonn Shaughnessy | 4 |

**Tháinig Brendan Doody in áit Martin Lally le linn na bliana tuairiscithe.*

## An Grúpa Athbhreithnithe ar Chlárú

Suíonn an Coiste Clárúcháin mar Ghrúpa Athbhreithnithe ar Chlárú i gcásanna nach bhfuil múinteoirí sásta le toradh faoi chinneadh a dhéanann Painéal agus iarrann siad go ndéanfar athbhreithniú ar an gcinneadh tosaigh. Tháinig an grúpa le chéile cúig huaire le linn na bliana. Tarraingíonn comhaltaí den choiste a raibh baint acu le cinneadh an phainéil nó a bhfuil coimhlint leasa acu siar ón gcruinniú.

| | |
|---|---|
| Asiya Al-Tawash | 5 |
| Brendan Doody* | 1 |
| Niall Duddy | 5 |
| Pat Gilmore | 3 |
| Mairéad Glynn (Cathaoirleach) | 5 |
| Colm Harte | 4 |
| John Holian | 5 |
| Gregor Kerr | 2 |
| Martin Lally* | 2 |
| Gerry Leydon | 5 |
| An Dr Anthony Malone | 3 |
| An tOll. Marie McLoughlin | 3 |
| Seamus Ó Fearraigh | 4 |
| Eamonn Shaughnessy | 4 |

**Tháinig Brendan Doody in áit Martin Lally le linn na bliana tuairiscithe.*

## An Painéal Clárúcháin

Tá an Painéal Clárúcháin freagrach as measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le clárú na múinteoirí ar nós síneadh ama a bhronnadh orthu siúd a bhfuil clárú coinníollach acu.

Tháinig an Painéal Clárúcháin, a chuimsíonn seachtar comhalta, le chéile ar shé ócáid le linn na bliana. Tá an freastal ar na cruinnithe seo leagtha amach thíos.

| | |
|---|---|
| John Holian (Cathaoirleach) | 6 |
| Mary Kelly | 2 |
| Gregor Kerr | 5 |
| Gerry Leydon | 4 |
| Maire Lineen | 6 |
| Claire Markey | 5 |
| An Dr Melanie Ni Dhuinn | 2 |

## An Coiste Oideachais

Tá an Coiste Oideachais freagrach as moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle ar bheartas a bhaineann le leanúntas oideachas múinteoirí.

Tháinig an Coiste, a chuimsíonn 13 comhalta (tá folúntas le líonadh go fóill), le chéile ar shé ócáid le linn na bliana. Tá an freastal ar na cruinnithe seo leagtha amach thíos.

| | |
|---|---|
| Asiya Al-Tawash | 6 |
| Elizabeth Cooney | 6 |
| Michael Delargey | 2 |
| Catherine Doolan | 4 |
| Patricia Duffy | 4 |
| Peter Finnegan | 2 |
| Ferdia Kelly | 2 |
| Mary Kelly | 4 |
| Maire Lineen (Cathaoirleach) | 6 |
| Denis Magner | 3 |
| Claire Markey | 6 |
| An Dr Melanie Ni Dhuinn | 6 |
| Tracie Tobin | 4 |

## An Coiste Airgeadais

Déanann an Coiste Airgeadais maoirseacht ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle.

Tháinig an Coiste, a chuimsíonn ochtar comhalta le chéile ar chúig ócáid le linn na bliana. Tá an freastal ar na cruinnithe seo leagtha amach thíos.

| | |
|---|---|
| Niall Duddy | 5 |
| Pat Gilmore | 3 |
| Denis Magner | 4 |
| An Dr Anthony Malone | 2 |
| Séamus O'Connor | 5 |
| Gerry Quinn (Cathaoirleach) | 4 |
| Frank Turpin | 4 |

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca monatóireacht ar chórais, ar rialuithe airgeadais agus ar nósanna imeachta na Comhairle lena chinntiú go bhfuil siad ag feidhmiú ar bhealach ordúil agus éifeachtúil.

Tháinig an Coiste, a chuimsíonn cúigear comhalta le chéile ar cheithre ócáid le linn na bliana. Tá an freastal ar na cruinnithe seo leagtha amach thíos.

| | |
|---|---|
| Elizabeth Cooney (Cathaoirleach) | 3 |
| Brendan Doody* | 1 |
| Martin Lally* | 1 |
| Seamus Mulconry | 4 |
| Seamus Ó Fearraigh | 3 |
| Séamus O'Connor | 4 |
| Liam Gallagher** | 1 |
| Breda Coss** | 1 |

**Tháinig Brendan Doody in áit Martin Lally le linn na bliana tuairiscithe.*

***Ceapadh Liam Gallagher agus Breda Coss mar chomhaltaí seachtracha ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2019.*

## Painéal Fianaise ar Charachtar

Déanann Painéal Fianaise ar Charachtar na Comhairle measúnú ar an bhfianaise ar charachtar a sholáthraíonn iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí leis an gComhairle.

Tháinig an Painéal, a chuimsíonn seachtar comhalta le chéile ar 10 n-ócáid le linn na bliana. Tá an freastal ar na cruinnithe seo leagtha amach thíos.

| | |
|---|---|
| Geoffrey Browne | 7 |
| Patricia Duffy | 5 |
| Colm Harte (Cathaoirleach) | 10 |
| Denis Magner | 6 |
| Sean McMahon | 9 |
| Seamus Mulconry | 2 |
| An Dr Melanie Ni Dhuinn | 6 |

## Painéal Cáilíochta

Déanann Painéal Cáilíochtaí na Comhairle measúnú ar cháilíochtaí gairmiúla na n-iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí.

Tháinig an Painéal, a chuimsíonn seisear comhalta le chéile ar 13 ócáid le linn na bliana. Tá an freastal ar na cruinnithe seo leagtha amach thíos.

| | |
|---|---|
| Karen Devine | 4 |
| Ferdia Kelly | 1 |
| An Dr Anthony Malone | 7 |
| An tOll. Marie McLoughlin | 9 |
| Seamus Ó Fearraigh | 13 |
| Seán O'Neill (Cathaoirleach) | 12 |
| Tracie Tobin | 11 |

## Grúpa Próiseála maidir le Dearbhú Cáilíochta *Droichead*

Tháinig Grúpa Próiseála maidir le Dearbhú Cáilíochta *Droichead* le chéile ar dhá ócáid le linn na bliana (1 chruinniú bunscoile agus 1 chruinniú iarbhunscoile).

| | |
|---|---|
| Elizabeth Cooney (iarbhunscoil) | 1 |
| Niall Duddy (iarbhunscoil) | 1 |
| Séamus O'Connor (bunscoil) | 1 |
| Tracie Tobin (bunscoil) | 1 |

## Grúpa Oibre Cosán

Tháinig Grúpa Oibre Cosán le chéile ar cheithre ócáid le linn na bliana. Cuimsíonn an grúpa múinteoirí atá ag cleachtadh agus na páirtithe leasmhara ábhartha agus cuireadh de chúram orthu an próiseas forbartha ceithre bliana a chomhordú do Cosán.

| | |
|---|---|
| Asiya Al-Tawash | 1 |
| Rebecca Byrne | 3 |
| Elizabeth Cooney | 4 |
| Catherine Doolan | 3 |
| Mairéad Glynn | 2 |
| Colm Harte | 3 |
| Maire Lineen | 4 |
| An Dr Anthony Malone | 4 |
| Claire Markey | 4 |
| Séamus O'Connor | 2 |
| Seán O'Neill | 2 |

## Grúpa Oibre Féilte

Tháinig Grúpa Oibre Féilte le chéile ar thrí ócáid le linn na bliana.*

| | |
|---|---|
| Geoffrey Browne | 1 |
| Niall Duddy | 1 |
| Colm Harte | 3 |
| Sean McMahon | 1 |
| Eamonn Shaughnessy | 2 |
| Tracie Tobin | 1 |

**Cuimsíonn an grúpa seo páirtithe leasmhara seachtracha agus comhaltaí na Comhairle. Tháinig ceithre chomhalta eile de chuid na Comhairle ar an ngrúpa oibre seo agus tionóladh cruinniú amháin den ghrúpa leathnaithe roimh dheireadh na bliana tuairiscithe.*

## Grúpa Oibre Socrúchán Scoile

Tháinig an Grúpa Oibre Socrúchán Scoile le chéile ar thrí ócáid le linn na bliana.

| | |
|---|---|
| Mary Kelly | 1 |
| Maire Lineen | 3 |
| An Dr Anthony Malone | 2 |
| Noelle Moran | 2 |
| An Dr Melanie Ni Dhuinn | 3 |

# Aguisín 4
# Costais Cruinnithe – Bliain Airgeadais 2018

## 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig

| Comhalta | Costais a Éilíodh | Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| Asiya Al-Tawash | €358 | 21 |
| Geoffrey Browne | €7,146 | 21 |
| Rebecca Byrne | €697 | 16 |
| Elizabeth Cooney | €3,989 | 30 |
| Michael Delargey | €5,361 | 16 |
| Karen Devine | €4,305 | 21 |
| Brendan Doody | €0 | 3 |
| Catherine Doolan | €1,421 | 30 |
| Niall Duddy | €9,011 | 42 |
| Patricia Duffy | €237 | 17 |
| Peter Finnegan | €0 | 7 |
| An Dr Mary Fleming | €1,106 | 8 |
| Pat Gilmore | €4,922 | 23 |
| Mairéad Glynn | €2,126 | 29 |
| Colm Harte | €4,513 | 34 |
| John Holian | €8,204 | 35 |
| Declan Kelleher | €2,006 | 5 |
| Ferdia Kelly | €253 | 16 |
| Mary Kelly | €0 | 11 |
| Gregor Kerr | €379 | 21 |
| Martin Lally | €0 | 23 |
| Gerry Leydon | €2,621 | 29 |
| Maire Lineen | €1,279 | 32 |
| Áine Lynch | €0 | 3 |
| Denis Magner | €2,679 | 25 |
| An Dr Anthony Malone | €0 | 19 |
| Claire Markey | €0 | 30 |
| An tOll. Marie McLoughlin | €176 | 14 |
| Sean McMahon | €15,028 | 35 |
| Paul Mooney | €990 | 12 |

**Sa bhreis ar chruinnithe na Comhairle agus an Choiste Feidhmiúchán atá luaite thuas, freastalaíonn Cathaoirleach na Comhairle go rialta ar chruinnithe eile de chuid Coistí na Comhairle agus na ngrúpaí oibre. Bhí an Cathaoirleach rannpháirteach freisin le tiomantais agus le rannpháirtíocht eile thar ceann na Comhairle le linn na tréimhse tuairiscithe 12 mí.*

| Comhalta | Costais a Éilíodh | Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| Noelle Moran | €19,495 | 20* |
| Seamus Mulconry | €0 | 16 |
| An Dr Melanie Ni Dhuinn | €791 | 20 |
| Yvonne Ni Mhurchu | €0 | 1 |
| An Dr Pádraig Ó Duibhir | €230 | 10 |
| Seamus Ó Fearraigh | €11,497 | 42 |
| Cathnia Ó Muircheartaigh | €531 | 7 |
| Deirdre O'Connor | €328 | 19 |
| Séamus O'Connor | €7,963 | 23 |
| Anne O'Gara | €0 | 5 |
| Seán O'Neill | €82 | 24 |
| An tOll. Mary O'Sullivan | €712 | 5 |
| Gerry Quinn | €2,279 | 25 |
| Eamonn Shaughnessy | €6,116 | 25 |
| Tracie Tobin | €9,091 | 28 |
| Frank Turpin | €476 | 21 |

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, Éire

Teileafón: +353 1 651 7900
Ríomhphost;
info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council